

Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála

Cur Chuige Molta agus Comhthéacs Straitéiseach



Ár n-uisce a chosaint dár dtodhchaí

Má tá ceist ar bith agat nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil linn:



Sonraí Teagmhála

Gréasán:
www.water.ie

X (Twitter):
[@IWCare](https://twitter.com/IWCare)



Eolas nó fiosrúcháin faoi do chuntas

24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain

Teileafón:
0818 778 778
nó ó+353 1 707 2827

SATÉ:
1800 378 378
(do chustaiméirí nach bhfuil
an éisteacht go maith acu)



Fiosrúcháin agus éigeandálaí um sholáthar uisce

24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain

Ríomhphost:
NWWDP@water.ie

Suíomh Gréasáin::
www.water.ie



Clár Ábhar

Achoimre Feidhmiúcháin	4
1. Réamhrá	7
2. Ár gCreat Rialála agus Beartais	10
3. Ár gCur Chuige maidir le Forbairt an PNFUD	19
4. Cad a Thomhaisfear leis an PNFUD	25
5. Treochtaí sa Todhchaí	29
6. Luach a Sholáthar	34
7. Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus Soláthar i gComhpháirtíocht	36
8. Aistriú ón gcéim Scóipe go dtí an Dréachtphean agus an Plean Deiridh	37
Aguisín A Gluais	38
Aguisín B Acrainmneacha	41

Achoimre Feidhmiúcháin

Is éard atá sa doiciméad Cur Chuige Molta agus Comhthéacs Straitéiseach seo ná an chéad chéim maidir le hullmhú Phlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála (PNFUD) Uisce Éireann agus forbraíodh é chun tacú leis na próisis a bhaineann leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus leis an Measúnacht Chuí (MC). Is é an doiciméad seo an chéad chéim i bhforbairt Phlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála Uisce Éireann. Mínítear ann an fáth a bhfuil gá leis an bPlean, agus cuirtear i láthair ann an raon feidhme atá beartaithe, na prionsabail, an cur chuige atá beartaithe agus na táscairí feidhmíochta maidir le comhairliúchán.

Cén fáth a bhfuil gá le Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála

Bailíonn agus cóireálann Uisce Éireann, mar sholáthraí náisiúnta seirbhísí uisce phoiblí na hÉireann, os cionn 1.2 billiún lítear fuíolluisce gach lá sula gcuirtear ar ais go sábháilte sa timpeallacht é. Tá sé ríthábhachtach go soláthrófaí seirbhísí fuíolluisce sábháilte, slána agus inbhuanaithe chun an tsláinte phoiblí a chosaint, chun tacú le tithíocht agus fás eacnamaíoch, agus chun timpeallacht uisce agus acmhainní nádúrtha na hÉireann a chosaint.

Feidhmíonn an córas fuíolluisce poiblí i dtimpeallacht atá ag éirí níos casta.

Leis an bhfás daonra, soláthar tithíochta, forbairt eacnamaíoch agus an t-athrú aeráide, tá éilimh bhreise á gcur ar an mbonneagar fuíolluisce agus tá na rioscaí a bhaineann le tuilte, le truailliú agus le díghrádú comhshaoil ag méadú. Ag an am céanna, le ceanglais reachtacha agus beartais nua, lena n-áirítear an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (Athmhúnlú), tá oibleagáidí níos uailmhianaí a bhaineann le cóireáil fuíolluisce, cosaint an chomhshaoil, rith chun srutha uirbeach, bainistíocht uisce stoirme agus pleanáil chomhtháite fuíolluisce á dtabhairt isteach.

Éilítear leis na dúshlán sin cur chuige straitéiseach, fadtéarmach agus comhsheasmhach i leith pleanáil ar an leibhéal náisiúnta. Tá sé beartaithe leis an bPlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála go soláthrófar an creat sin trí chur chuige trédhearcach agus fianaise-bhunaithe a bhunú chun feidhmíocht reatha na gcóras fuíolluisce poiblí in Éirinn a thuiscint, rioscaí amach anseo a mheas agus riachtanais infheistíochta agus pleanála amach anseo a shainaithint. Tacóidh an Plean le cinnteoireacht oiriúnaitheach, fhardtéarmach lena chinntiú go leanfaidh seirbhísí fuíolluisce ag freastal ar riachtanais na bpobal, an gheilleagair agus an chomhshaoil.

Creat don Phleanáil Fhardtéarmach

Leis an PNFUD, bunófar na boinn straitéiseacha le haghaidh pleanáil fuíolluisce agus draenála sa tréimhse go dtí 2055. Is é an cuspóir uileghabhálach atá leis tacú le seirbhísí fuíolluisce sábháilte, inbhuanaithe agus athléimneacha a sholáthar agus an comhshaol, a bhfuil pobail, éiceachórais agus seirbhísí uisce ag brath air, á chosaint agus á fheabhsú. Sainmhíneofar leis modheolaíocht náisiúnta chomhsheasmhach chun riosca, riachtanas agus deis a mheasúnú; bunófar na táscairí feidhmíochta agus na próisis mheasúnaithe a chuirfear i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta; agus soláthrófar creat chun cuspóirí náisiúnta a nascadh le tosaíochtaí pleanála réigiúnacha agus áitiúla.

In ionad díriú ar thionscadail aonair, díreoidh an Plean ar an dóigh a ndéantar cinntí. Cruthófar leis cur chuige struchtúrtha agus in-athdhéanta i leith pleanála ar féidir é a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na seirbhísí fuíolluisce poiblí go léir in Éirinn agus ar féidir é a nuashonrú le himeacht ama de réir mar a thagann faisnéis, teicneolaíochtaí, reachtaíocht agus ceanglais chomhshaoil nua chun cinn. Tacóidh an cur chuige sin le feidhmíocht an chórais agus tosca comhshaoil araon a bhreithniú, lena n-áirítear íogaireacht uiscí glactha, gaireacht d'astarraingtí uisce óil, láithreáin ainmnithe chaomhnaithe, limistéir faoi chosaint agus gabhdóirí eile atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de.

Agus an neamhchinnteacht a bhaineann le pleanáil fhardtéarmach á cur san áireamh, ionchorprófar prionsabail na pleanála oiriúnaithí sa mhodheolaíocht. D'fhéadfadh cásanna éagsúla amach anseo a bheith bainteach, mar shampla, le fás, athrú aeráide, rialáil agus brúnna comhshaoil a bhreithneofar lena chinntiú go mbeidh cinntí amach anseo solúbtha, athléimneach agus freagrúil i gcónaí do chúinsí atá ag athrú.

Táscairí Feidhmíochta i gCroílár an Chur Chuige

Comhpháirt bhunúsach den mhodheolaíocht atá beartaithe is ea úsáid a bhaint as Táscairí Feidhmíochta mar an príomh-mhodh chun feidhmíocht reatha an chórais, leochaileacht amach anseo agus an gá le hinfheistíocht a mheasúnú.

Clúdaítear réimse téamaí sna táscairí feidhmíochta atá beartaithe, lena n-áirítear:

- Tuilte séarachais agus feidhmíocht draenála;
- Feidhmíocht forsceite uisce stoirme;
- Acmhainn agus comhlíonadh na cóireála fuíolluisce;
- Cáilíocht dobharlach agus cuspoirí comhshaoil;
- Teagmhais truaillithe agus cosaint an chomhshaoil;
- Neodracht fuinnimh; agus
- Bithsholaid fuíolluisce.

Tá sé beartaithe leis na táscairí sin creat comhsheasmhach a sholáthar chun riosca agus feidhmíocht a mheas ar fud chórais fuíolluisce Uisce Éireann, agus chun tacú le tús áite a thabhairt go trédhearcach d'idirghabhálacha amach anseo. In PNFUD, úsáidfear an fhianaise is fearr atá ar fáil, á aithint go mbíonn difríochtaí i gceist le clúdach agus aibíocht na sonraí i dTáscairí Feidhmíochta, sócmhainní agus suíomhanna. Léireofar muinín sonraí go trédhearcach sa mheasúnú, agus cuideoidh bearnaí sonraí a shainaithneofar le monatóireacht, samhaltú agus feabhsú sonraí amach anseo a threorú, rud a neartóidh an bonn fianaise de réir a chéile thar thimthriallta plean as a chéile. Tríd an gcomhairliúchán sin, tá tuairimí á lorg ag Uisce Éireann faoi an bhfuil na táscairí feidhmíochta atá beartaithe oiriúnach, agus ár cheart machnamh a dhéanamh ar tháscairí feidhmíochta breise nó ar mhionleasuithe.

An Luach is Fearr agus Cinnteoireacht Fhadtéarmach

Moltar Creat um an Luach is Fearr sa Chur Chuige Molta agus Comhthéacs Straitéiseach, chun tacú le cinntí pleanála agus infheistíochta amach anseo. Aithnítear leis an gcur chuige sin nár cheart go mbeadh cinntí bunaithe ar chostas amháin, ach gur cheart na tairbhí níos leithne a sholáthraítear do chustaiméirí, do phobail, don chomhshaoil agus don gheilleagar a chur san áireamh.

Leis an gcreat atá beartaithe, déanfar measúnú ar chostais agus ar shochair shaolré, lena n-áirítear tionchair chaipitiúla, oibríochtúla agus carbóin, mar aon le torthaí comhshaoil agus sóisialta níos leithne. Áirítear leis sin, breithniú a dhéanamh ar

fheabhsuithe ar cháilíocht uisce, réitigh dhúlra bhunaithe, cuir chuige draenála inbhuanaithe, feabhsú bithéagsúlachta, athléimneacht aeráide agus deiseanna chun tairbhí iomadúla a chruthú trí idirghabhálacha comhtháite.

Trí chur chuige maidir leis an Luach is Fearr a ghlacadh, féachfar i dtimthriallta pleanála amach anseo an PNFUD le réitigh a shainaithint a sholáthraíonn an tairbhe fhoriomlán is mó agus a chomhlíonann oibleagáidí reachtúla agus a thacaíonn le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach ag an am céanna.

Pleanáil Chomhtháite agus Obair Chomhpháirtíochta

Ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis na Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíocha, tacóidh an PNFUD le cur chuige maidir le fás faoi threoir plean, trína shocrú cá háit ar féidir seirbhísí poiblí inbhuanaithe fuíolluisce a sholáthar chun freastal ar phobail atá ann agus ar phobail amach anseo. Trí phleanáil infheistíochta fadtéarmaí agus trí chinnteoireacht fianaise-bhunaithe, féachfar leis an bPlean le tacú le fás dlúth, le forbairt inbhuanaithe agus le cosaint an chomhshaoil, á chinntiú go bhforbrófar bonneagar fuíolluisce ar bhealach comhordaithe agus éifeachtúil.

Aithnítear sa Chur Chuige Molta agus Comhthéacs Straitéiseach freisin nach féidir le hUisce Éireann ag gníomhú ina aonar aghaidh a thabhairt ar go leor de na dúshláin a bhaineann le seirbhísí fuíolluisce agus draenála.

Tá córais fuíolluisce agus draenála idirnasctha le córais chomhshaoil, pleanála agus bonneagair níos leithne. Teastaíonn comhoibriú idir Uisce Éireann, údaráis áitiúla, ranna rialtais, rialtóirí, comhlachtaí comhshaoil, soláthraithe bonneagair, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara eile chun fuíolluisce, uisce dromchla, aibhneacha, lochanna, screamhuisce agus uiscí cósta a bhainistiú go héifeachtach.

Aithnítear sa Chur Chuige Molta agus Comhthéacs Straitéiseach go bhfuil an fhreagracht as fuíolluisce, uisce dromchla, draenáil agus an timpeallacht uisce níos leithne a bhainistiú roinnte idir roinnt eagraíochtaí. Ag teacht leis an bhfreagracht chomhroinnte sin, soláthróidh an Plean creat le haghaidh cur chuige níos comhtháite i leith pleanáil fuíolluisce agus draenála, cur chuige a thacóidh le cinnteoireacht chomhordaithe agus a fhreagróidh do cheanglais reachtacha atá ag teacht chun cinn. Trí thuiscint níos fearr a fháil ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn córais fuíolluisce poiblí le huisce dromchla, uiscí glactha agus córais draenála níos leithne, cuideoidh an Plean le deiseanna comhoibrithe a shainaithint, tacú le torthaí comhshaoil níos fearr agus pleanáil agus infheistíocht fhadtéarmach níos éifeachtaí a éascú.

Aithnítear sa an Cur Chuige Molta agus an Comhthéacs Straitéiseach ról tábhachtach na gcustaiméirí agus na bpobal chomh maith. Is féidir le hiompar custaiméirí tionchar a imirt ar fheidhmíocht córas fuíolluisce, ar chomhlíonadh comhshaoil agus ar thorthaí draenála. Dá bhrí sin, cuirfear cur chuige freagrachta comhroinnte chun cinn leis an bPlean a thacaíonn le hoideachas, feasacht agus comhoibriú chun cuidiú le córais fuíolluisce agus draenála agus an timpeallacht ghlactha a chosaint.

Measúnú agus Comhairliúchán Comhshaoil

Tá cúrsaí comhshaoil á gcomhtháthú i bhforbairt an Phlean ón tús trí na próisis a bhaineann le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí.

Soláthraítear le próiseas Scoipe an MST deis a dhearbhu gur sainaithníodh na príomhcheisteanna agus brúnna comhshaoil go cuí, raon feidhme measúnaithe comhshaoil amach anseo a chomhaontú, agus a chinntiú go dtacaíonn an mhodheolaíocht atá beartaithe le cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, sláinte an duine agus athléimneacht aeráide a chosaint.

Léirítear leis an gcomhairliúchán sin an chéad chéim fhoirmiúil den rannpháirtíocht ar an bPlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis an méid seo a leanas:

- na dúshlán agus na deiseanna atá roimh sheirbhísí fuíolluisce agus draenála;
- an mhodheolaíocht agus na prionsabail phleanála atá beartaithe;
- na táscairí feidhmíochta atá beartaithe;
- raon feidhme na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta; agus
- an cur chuige foriomlán maidir le pleanáil fhadtéarmach le haghaidh fuíolluisce agus draenála.

Cuideoidh an t-aiseolas a gheofar le linn an chomhairliúcháin sin le hullmhú an Dréachtphean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála agus na measúnachtaí timpeallacht a ghabhann leis. Tríd an bpróiseas sin, tá sé mar aidhm ag Uisce Éireann a chinntiú go gcuirfear bonn eolais faoin bPlean trí réimse leathan dearcthaí agus go mbunófar creat láidir, trédhearcach agus fianaise-bhunaithe le haghaidh pleanáil fuíolluisce agus draenála in Éirinn sa 25 bliain amach romhainn.



1. Réamhrá

Is éard atá sa doiciméad Cur Chuige Molta agus Comhthéacs Straitéiseach seo ná an chéad chéim maidir le hullmhú Phlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála (PNFUD) Uisce Éireann agus forbraíodh é chun tacú leis na próisis a bhaineann leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus leis an Measúnacht Chuí (MC). Is é an doiciméad seo an chéad chéim i bhforbairt Phlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála Uisce Éireann. Mínítear ann an fáth a bhfuil gá leis an bPlean, agus cuirtear i láthair ann an raon feidhme atá beartaithe, na prionsabail, an cur chuige atá beartaithe agus na táscairí feidhmíochta maidir le comhairliúchán.

Leagtar amach i ndoiciméad an Chur Chuige Molta agus Comhthéacs Straitéisigh, mar atá sé beartaithe againn ár PNFUD a fhorbairt don tréimhse 2030-2055. Mínítear ann an fáth a bhfuil gá leis an PNFUD, leagtar amach na dúshláin agus na deiseanna a rachaidh i bhfeidhm ar thodhchaí na seirbhísí fuíolluisce agus draenála, leagtar amach an cur chuige pleanála agus measúnaithe atá beartaithe, agus iarrtar aiseolas ar na príomhcheisteanna ar chóir dóibh bonn eolais a chur faoin bPlean agus faoin measúnacht timpeallachta. Tá aguisíní ag deireadh an doicimeid ina mínítear téarmaí (féach Aguisín A Gluais) agus acrainmneacha (féach Aguisín B: Acrainmneacha) a úsáidtear sa doiciméad.

Tacófar le forbairt an PNFUD trí chlár leanúnach um rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus comhairliúchán poiblí. Sa chéad chéim seo den chomhairliúchán, tá tuairimí á lorg ag Uisce Éireann maidir leis na príomhdhúshláin agus na príomhdheiseanna a bhaineann le seirbhísí fuíolluisce agus draenála, an mhodheolaíocht phleanála atá beartaithe, agus na táscairí feidhmíochta a úsáidfear chun riosca agus feidhmíocht a mheasúnú. Cuideoidh an t-aiseolas a gheofar lena chinntiú go léireofar leis an gcreat pleanála réimse leathan dearchtaí agus go gcuirfear san áireamh na saincheisteanna is tábhachtaí do na páirtithe leasmhara agus an PNFUD á fhorbairt.

1.1 Cad a dhéanaimid

Cuimsítear i ról Uisce Éireann, mar sholáthraí náisiúnta seirbhísí uisce poiblí na hÉireann, seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce a sholáthar ar fud na tíre. Is é ár gcuspóir a chinntiú go ndéanfar fuíolluisce ár gcustaiméirí a bhailiú, a chóireáil go cuí agus a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht.

Chun críocha an PNFUD, tagraíonn fuíolluisce do bhailiú, iompar, cóireáil agus sceitheadh fuíolluisce trí bhonneagar poiblí fuíolluisce Uisce Éireann. Tagraíonn draenáil do bhainistíocht báistí agus uisce dromchla i gcás ina n-idirghníomhaíonn

sí le feidhmíocht córas fuíolluisce poiblí nó i gcás ina dtéann sí i bhfeidhm ar fheidhmíocht na gcóras sin, lena n-áirítear éifeachtaí uisce stoirme ag dul isteach i líonraí comhcheangailte nó fuíolluisce. Cé go bhfuil Uisce Éireann freagrach as bonneagar fuíolluisce poiblí, tá an fhreagracht as córais draenála agus uisce dromchla níos leithne roinnte i measc líon eagraíochtaí, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus soláthraithe bonneagair eile. Dá bhrí sin, díritear an PNFUD ar sheirbhísí fuíolluisce poiblí, agus an gá le pleanáil chomhordaithe agus le comhoibriú ar fud an chórais draenála níos leithne á aithint.

Chun fuíolluisce a bhailiú, oibríonn agus cothaíonn Uisce Éireann breis agus 2,200 stáisiún caidéalúcháin agus thart 26,000 km de shéaraigh. Déantar thart ar 1.2 billiún lítear d'uisce dramhaíola a chóireáil gach lá ag os cionn 1,000 ionad cóireála fuíolluisce, agus sceitear an t-eisilteach cóireáilte isteach sa timpeallacht uisce. Is é thart ar 1,000,000 m³ sa bhliain an méid iomlán sloda leachta a tháirgtear ag ár n-ionaid chóireála fuíolluisce a iompraítear ansin chuig thart ar 35 ionad idirmheánach dí-uisceithe sula n-aistrítear é chuig thart ar 17 n-ionad bith-acmhainní lena chobhsú agus lena chóireáil go hiomlán, d'fhonn é a athúsáid go tairbheach sa talmhaíocht.

Tacaímid le fás sóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann ar bhealach inbhuanaithe trí infheistíocht chuí a dhéanamh i seirbhísí uisce agus féachaimid leis an gcomhshaoil a chosaint inár ngníomhaíochtaí uile. Is é ár bhfís Éire inbhuanaithe a chinntiú ina mbeidh meas ar uisce agus ina gcosnófar uisce, don phláinéad agus do na beathaí ar fad a dtacaíonn sé leo. Tá os cionn €2 bhilliún infheistithe ó 2020 i leith i mbonneagar fuíolluisce uirbigh, rud a léiríonn ár dtiomantas do chomhlíonadh ceanglas comhshaoil agus don tsláinte phoiblí. Coimisiúnaíodh go leor uasghráduithe ar ionaid chóireála fuíolluisce (ICFUNna) agus ICFUnna nua idir 2014 agus 2026, lena n-áirítear mór-oibreacha sa Rinn, san Inbhear Mór agus sa Bhóthar Buí.

1.2 Cúlra

Bailíonn agus cóireálann Uisce Éireann, mar sholáthraí náisiúnta seirbhísí uisce phoiblí na hÉireann, os cionn 1.2 billiún lítear fuíolluisce gach lá sula gcuirtear ar ais go sábháilte sa timpeallacht é. Tá sé ríthábhachtach go soláthrófaí seirbhísí fuíolluisce sábháilte, slána agus inbhuanaithe chun an tsláinte phoiblí a chosaint, chun tacú le tithíocht agus fás eacnamaíoch, agus chun timpeallacht uisce agus acmhainní nádúrtha na hÉireann a chosaint. Dá bhrí sin, beidh cosaint agus feabhsú cháilíocht an uisce, na n-éiceachóras uisceach agus na ngabhdóirí atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de ina bpríomhcheisteanna sa Phlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála.

Feidhmíonn an córas fuíolluisce poiblí i dtimpeallacht atá ag éirí níos casta. Leis an bhfás daonra, soláthar tithíochta, forbairt eacnamaíoch agus an t-athrú aeráide, tá éilimh bhreise á gcur ar an mbonneagar fuíolluisce agus tá na rioscaí a bhaineann le tuilte, le truailliú agus le díghrádú comhshaoil ag méadú. Ag an am céanna, le ceanglais reachtacha agus beartais nua, lena n-áirítear an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (Athmhúnlú), tá oibleagáidí níos uailmhianaí a bhaineann le cóireáil fuíolluisce, cosaint an chomhshaoil, éifeachtúlacht fuinnimh, rith chun srutha uirbeach, bainistíocht uisce stoirme agus pleanáil chomhtháite fuíolluisce uirbigh á dtabhairt isteach.

Mar gheall ar na brúnna a bhaineann le domhan atá ag síorathrú, agus tionchar ghníomhaíocht an duine ar an gcomhshaol atá ag méadú, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go ndéanfaí seirbhísí fuíolluisce agus draenála a phleanáil go straitéiseach thar an bhfadtearma Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an méid fuíolluisce a dteastaíonn bailiú, cóireáil agus sceitheadh ina leith mar thoradh ar an bhfás daonra atá tuartha, ar sholáthar tithíochta agus ar fhorbairt eacnamaíoch. Meastar go gcuirfidh an t-athrú aeráide brú breise ar chórais fuíolluisce agus draenála araon trí dhianbháisteach níos minice, dálaí hidreolaíocha atá ag athrú agus éileamh méadaithe ar bhonneagar athléimneach. Ag an am céanna, maidir le reachtaíocht atá ag teacht chun cinn, beidh gá cuir chuige nua a ghlacadh, beidh gá le nuálaíocht agus teicneolaíochtaí chun caighdeáin chomhshaoil níos airde a chomhlíonadh, réimse níos leithne truailleán a bhaint, astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú de réir a chéile agus feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh gníomhaíochtaí cóireála fuíolluisce.

Sa chéad timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí, sainithníodh fuíolluisce mar an dara brú is suntasaí ar uiscí glactha; sa Phlean Bainistíochta Abhantraí is déanaí, laghdaigh fuíolluisce uirbeach go dtí an cheathrú bhrú is suntasaí (i dtéarmaí líon na ndobharlach atá buailte), agus tá pleananna againn leanúint leis an treocht anuas

sin inár gcéad timthriall infheistíochta eile. Aithnítear fuíolluisce uirbeach faoi láthair mar bhrú suntasach ar 197 dobharlach 'atá i mbaol', arb é sin níos lú ná 4% de na dobharlaigh ar fad.

Éilítear leis na dúshláin sin cur chuige i leith pleanáil níos straitéisí, níos fadtéarmaí agus atá comhsheasmhach ar an leibhéal náisiúnta. Tá sé i gceist leis an bPlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála é sin a chur ar fáil, rud a chuirfidh ar chumas Uisce Éireann beartas an Rialtais, ceanglais reachtacha, cuspoirí comhshaoil agus spreagthaí seachtracha, an t-athrú aeráide san áireamh, a chomhtháthú i bpleanáil agus i bhfeidhmiú amach anseo a bhoinn sócmhainní fuíolluisce. Trí chur chuige trédhearcach fianaise-bhunaithe, bunófar leis an bPlean modheolaíocht chomhsheasmhach chun an fheidhmíocht reatha a thuiscint, rioscaí amach anseo a mheas agus riachtanais amach anseo ar fud chórais fuíolluisce agus draenála na hÉireann a shainaithint. Tríd sin a dhéanamh, tacóidh sé le cinnteoireacht eolasach, pleanáil oiriúnaitheach agus forbairt seirbhísí fuíolluisce agus draenála atá ábalta freastal ar riachtanais na bpobal, an gheilleagair agus na timpeallachta sna blianta atá amach romhainn.

1.3 Céard is an Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála ann?

Plean fadtéarmach is ea an Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála (PNFUD) don dóigh a mbainistíodh agus a bhforbróidh Uisce Éireann córais fuíolluisce na hÉireann chun freastal ar éilimh reatha agus éilimh amach anseo. Is sprioc straitéiseach é forbairt an phlean atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 foilsithe agus is moladh é freisin ónár rialtóir eacnamaíoch, an Coimisiún um Rialáil Fónas, ina gCinneadh Deiridh maidir le Rialú Ioncaim thréimhse 4 (2025-2029). Beidh an plean, arb é an chéad phlean náisiúnta ar an leibhéal straitéiseach do gach córas poiblí fuíolluisce in Éirinn, bunaithe ar fhianaise agus beidh measúnuithe láidre ann ar fheidhmíocht na gcórais fuíolluisce, a dtionchair ar an gcomhshaol agus a n-acmhainn lena n-áirítear tionchair na dtreochtaí amach anseo, amhail an t-athrú aeráide agus fás daonra agus forbartha.

Tá sláinte na ndaoine agus na timpeallachta i gcroílár an PNFUD. Bunófar léargas reatha agus amach anseo maidir le riosca trí mhodheolaíocht chórasach atá in-athdhéanta le haghaidh táscairí feidhmíochta a bhaineann go díreach nó go hindíreach le fuíolluisce.

Beidh an PNFUD ina phlean 25 bliain a thabharfaimid chuig tréimhse pleanála 2055, agus breithneofar ann cásanna éagsúla don todhchaí chomh maith leis an íogaireacht a bhaineann leo i ndáil le gach táscaire feidhmíochta. Forbrófar

costais agus tairbhí na réiteach ardleibhéil¹ don tréimhse deartha amach anseo trí na roghanna agus na tairbhí a bhaineann leo don phobal i gcoitinne a bhreithniú chun an luach is fearr a shocrú. Mar chuid den phlean, beidh cur chuige maidir le bealach oiriúnaitheach chun cuidiú leis an ngá le forbairt agus infheistíocht phleanáilte a thuar agus a chéimniú.

Creidimid go mbeidh an PNFUD ag teacht go maith leis an méid atá tábhachtach duit ar na bealaí seo a leanas:

- **Tacú le fás** – Cuideoidh an PNFUD le húdaráis phleanála, forbróirí agus rialtóirí a thuiscint cá bhfuil dóthain acmhainne ag ár gcóras fuíolluisce.
- **Cáilíocht an uisce a fheabhsú agus a chosaint** – Trí mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag ár ngníomhaíochtaí, is féidir linn réitigh a chur ar fáil a chosnaíonn ár ndobharlaigh.
- **Láithreáin atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de a chosaint** – Trí Mheasúnacht Chuí agus Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a dhéanamh i leith ár PNFUD, is féidir linn a chinntiú go gcosnófar láithreáin íogaire.

- **An riosca tuile a laghdú** – Is féidir linn oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara draenála ar réitigh dhúlra bhunaithe atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, chun báisteach a bhainistiú agus tuile a laghdú.
- **Lántairbhe a bhaint as acmhainní** – Trí réitigh chomhtháite draenála a fhorbairt trí chomhoibriú, is féidir costais agus cur isteach a íoslaghdú do phobail.

Idirghníomhaíonn ár gcórais fuíolluisce le sócmhainní agus le córais atá á mbainistiú ag páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear údaráis áitiúla, mar shampla. Déanfaimid teagmháil réamhghníomhach leis na páirtithe leasmhara sin chun tionchair fhéideartha ar an bhfeidhmíocht agus ar roghanna féideartha le haghaidh réiteach a bhreithniú.



¹ Is plean straitéiseach ardleibhéil agus fadtéarmach é an PNFUD, agus ní plean deartha ar leibhéal sócmhainní é. Déanfar anailís níos mionsonraithe, lena n-áirítear dearadh innealtóireachta, measúnú costais agus staidéar comhshaoil, ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal tionscadail de réir mar a bheidh sonraí níos mionsonraithe ar fáil.

2. Ár gCreat Rialála agus Beartais

Sa roinn seo, soláthraítear forléargas ar na príomhthoca reachtaíochta agus beartais atá ábhartha don PNFUD.

2.1 Toiliú agus an Timpeallacht Rialála

Leagtar amach feidhmeanna agus cumhachtaí Uisce Éireann maidir le soláthar sheirbhísí uisce, inter alia, san Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 arna leasú. I gcomhlíonadh ár ról mar fhóntas náisiúnta seirbhísí uisce atá freagrach as oibríochtaí agus infheistíocht sheirbhísí uisce, tá Uisce Éireann arna rialáil go príomha ag:

- An rialálaí eacnamaíoch, an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU); agus
- An rialálaí comhshaoil, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

Déanann comhlachtaí rialála eile, amhail an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, maoirseacht ar Uisce Éireann i ngnáthchúrsa a chuid gnó freisin. Tá ról maidir le beartas agus maoirseacht maidir leis an earnáil uisce ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Rialáil Eacnamaíoch

Tá sé de chúram ar an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) leasanna an chustaiméara a chosaint, agus ceanglas maoinithe oiriúnach a fhaomhadh leordhóthanach lena chur ar chumas Uisce Éireann na seirbhísí riachtanacha de réir caighdeáin shonraithe a sholáthair ar bhealach éifeachtúil. Ciallaíonn sé sin go gcinneann CRF na buiséid agus an leibhéal infheistíochta a dhéanann Uisce Éireann; agus scrúdaíonn sé díospóidí idir Uisce Éireann agus a chustaiméirí.

Reáchtáiltear tréimhse rialaithe ioncaim rialála Uisce Éireann i dtimthriallta 5 bliana. Ullmhaítear an Plean Infheistíochta Caipitil laistigh den chreat rialála atá leagtha amach sa reachtaíocht, agus cuimsítear ann an caiteachas oibríochtúil agus infheistíochta atá beartaithe againn maidir le timthriallta maoinithe ioncaim. Tá ár bPlean Infheistíochta Caipitil atá beartaithe faoi réir próiseas reachtúil rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara arna dhéanamh ag Uisce Éireann, agus déanann an CRF próiseas comhairliúcháin phoiblí. Baineann an plean infheistíochta reatha leis an timthriall maoinithe ar a dtugtar "Rialú Ioncaim 4" (RC4) agus clúdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2029.

Creidimid go bhfuil forbairt an PNFUD ag teacht leis na moltaí sin. Tá sé beartaithe againn go gcuirfear bonn eolais faoi thimthriallta pleanála agus infheistíochta Uisce

Éireann amach anseo leis an PNFUD, i gcás ina ndéanfar cinntí maidir le cur chun feidhme i gcomhréir le tosaíochtaí eagraíochtúla agus oibleagáidí rialála.

I Rialú Ioncaim 4 - Cinneadh Deiridh CRF, sainnithníodh moltaí maidir le seachadadh caipitil i gcomhair pleanáil fuíolluisce agus draenála, mar a leanas:

- 14.2 Molann CRF go nglacfaidh UÉ cur chuige straitéiseach cosúil maidir le líonraí fuíolluisce agus draenála Uisce Éireann a bhainistiú ar fud abhantracha níos leithne, chun réitigh optamaithe agus chomhoibríocha a lorg lena soláthraítear buntáistí níos leithne don abhantrach agus lena dtugtar éifeachtúlachtaí caiteachais caipitil gus oibríochtúil níos fearr.
- 14.3 Molann CRF d'Uisce Éireann leas a bhaint as cur chuige cosúil le cinn a cuireadh i bhfeidhm le déanaí ar fud Shasana freisin, lenár éascaíodh pleanáil chuimsitheach ar scála mór trí Phleananna Bainistíochta Draenála agus Fuíolluisce.
- 14.4 Molann CRF go gcuirfí é sin i bhfeidhm de réir a chéile de réir mar a fhaigheann Uisce Éireann tuiscint ar a shócmhainní agus mar a fhorbraíonn sé pleananna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha maidir le fuíolluisce agus draenáil.

Rialachán Timpeallachta

Mar ár rialálaí comhshaoil, leagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) caighdeáin síos agus forfheidhmíonn sí comhlíonadh Rialacháin an Aontais Eorpaigh (AE) agus Rialacháin Náisiúnta maidir le sceitheadh fuíolluisce isteach sa timpeallacht uisceach ó oibreacha fuíolluisce atá faoi úinéireacht, á mbainistiú agus á bhfeidhmiú ag Uisce Éireann. Áirítear leis na dualgais sin comhlíonadh na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh atá ina bhunbheart faoin gCreat-Treoir Uisce (CTU), agus le caighdeáin chóireála níos airde a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun cuspóirí timpeallachta CTU a bhaint amach. Tá comhlíonadh iomlán cheanglais TCFUU ina thosaíocht ag Uisce Éireann i gcomhréir le beartas an Rialtais mar atá leagtha amach i Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2024 - 2030, lena n-áirítear imeachtaí reatha de bhun sárúithe a thabhairt chun críche. Áirítear leis na tosaíochtaí eile

comhlíonadh ag láithreáin ar an Liosta Príomhlimistéar GCC a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar bhrúnna fuíolluisce uirbeacha suntasacha faoin bPlean Gníomhaíochta Uisce 2024.

Ní mór ceadúnas nó deimhniú ón GCC a bheith ag saoráidí fuíolluisce, ag brath ar an líon daoine a bhfreastalaítear orthu i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha.

2.2 Príomhreachtaíocht

2.2.1 An Chreat-treoir Uisce

Bunaítear leis an gCreat-treoir Uisce (CTU) cur chuige bunaithe ar abhantracha maidir le cosaint, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha (inbhir), uiscí cósta agus screamhuisce. Glactar an prionsabal ‘focadh an truaillitheoir’ leis agus comhtháthaítear ann ceanglais roinnt treoracha eile de chuid an Aontais maidir leis an timpeallacht uisce a chosaint. Tá sé mar aidhm leis cur chuige iomlánaíoch a fhorbairt i leith úsáid inbhuanaithe uisce, rud a fhaigheann cothromaíocht idir tosca sóisialta agus eacnamaíocha agus an gá ár dtimpeallacht uisceach a chosaint agus a fheabhsú.

2.2.2 An Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh

Ba í an Treoir bhunaidh um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (91/271/EEC) an príomhspreagadh reachtach maidir le hinfheistíocht i gcórais bhailithe agus chóireála fuíolluisce chomh maith le cosc a chur ar thruailliú ó sceití tionsclaíocha. Tá feabhsuithe móra ar cháilíocht an uisce spreagtha mar gheall uirthi ar fud na hEorpa ó achtaíodh í breis agus 30 bliain ó shin. Tógann an Treoir athbhreithnithe um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (athmhúnú) (2024/3019/EU), a tháinig i bhfeidhm an 01/01/2025, ar an oidhreacht sin agus tugtar aghaidh léi ar an truailliú atá fágtha agus ar dhúshláin nua i mbainistíocht fuíolluisce uirbigh, lena n-áirítear an inbhuanaitheacht, an tsláinte phoiblí agus trédhearcacht mhéadaithe. Tá sé de dhualgas dlíthiúil ar na Ballstáit an reachtaíocht sin a thrasú ina dlí náisiúnta faoi mhí Iúil 2027. Pléitear tuilleadh sonraí faoin TCFUU (athmhúnú) agus a thionchar ar an PNFUD i gcuid 5 Threocht Amach Anseo.

2.2.3 An Treoir maidir le Gnáthóga

Cuireadh oibleagáid leis an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/EEC) ar gach Ballstát AE líonra Natura 2000 a bhunú agus ceanglaítear léi gnáthóga agus speicis shainithe a chosaint. Tá an líonra comhdhéanta de Limistéir Chaomhnantais Speisialta (LSC (Caomhnú)) agus de Limistéir faoi Cosaint Speisialta (LSC (Cosaint)) a bunaíodh

faoi Threoir an Aontais maidir le hÉin (2009/147/EC). Rinneadh na Treoracha a thrasúiomh i rialacháin náisiúnta na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (S.I. No. 477/2011), arna leasú.

Ainmnítear LCSanna (Caomhnú) chun gnáthóga larscríbhinn I (lena n-áirítear cineálacha tosaíochta atá i mbaol a n-imeartha) agus speicis larscríbhinn II (speicis ainmhithe agus plandaí ar de leas an Chomhphobail iad, seachas éin) a chaomhnú. Ainmnítear LCSanna (Cosaint) le haghaidh éin larscríbhinn I faoi Treoir maidir le hÉin agus éin imirceacha eile a bhíonn ar fáil go rialta agus a ngnáthóga a chaomhnú. D’fhéadfadh tionchar a bheith ag sceitheadh fuíolluisce ar roinnt de na gnáthóga agus speicis sin, go háirithe na cinn a bhraitheann ar uisce. Le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta caomhnaithe riachtanacha a bhunú a chomhfhreagraíonn do riachtanais éiceolaíocha ghnáthóga larscríbhinn I agus speicis larscríbhinn II a fhaightear ar na láithreáin agus bearta iomchuí a dhéanamh chun meath gnáthóg nádúrtha agus gnáthóg speiceas a sheachaint (nó a athchóiriú), chomh maith le cur isteach ar na speicis ar ainmníodh na limistéir ainmnithe ina leith a sheachaint, a mhéid agus a d’fhéadfadh cur isteach den sórt sin a bheith suntasach i ndáil le cuspóirí na Treorach maidir le Gnáthóga.

Mar údarás poiblí, tá dualgais ar UÉ faoi na rialacháin sin “na bearta cuí a dhéanamh chun meath gnáthóg nádúrtha agus gnáthóg speiceas chomh maith le cur isteach ar speicis a bhfuil na limistéir ainmnithe ina leith a sheachaint i Láithreáin Eorpacha a mhéid a d’fhéadfadh cur isteach dá leithéid a bheith suntasach i dtaca le cuspóirí na Treorach maidir le Gnáthóga.” Déanfar Scagadh um Measúnacht Chuí, agus ina dhiaidh sin Measúnacht Chuí, ar an PNFUD, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Gnáthóga agus leis na Rialacháin ábhartha, lena dhearbhuí an dócha go mbeidh tionchair shuntasacha aige (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile) ar shláine Láithreán Eorpach, ag féachaint dá gcuspóirí caomhnaithe, agus ina dhiaidh sin, an mbeidh éifeachtaí díobhálacha aige (ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile) ar shláine Láithreán Eorpach, ag féachaint dá gcuspóirí caomhnaithe.

2.2.4 Treoir um MST

Leagtar amach i dTreoir MST (2001/42/EC) próiseas le haghaidh measúnacht chomhshaoil na bpleananna agus is é is aidhm di foráil a dhéanamh maidir le leibhéal ard cosanta an chomhshaoil agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Leagtar amach inti freisin ceanglais shonracha i ndáil leis an Treoir maidir le Gnáthóga agus an Treoir maidir le hÉin.

Cuirtear an Treoir MST i bhfeidhm in Éirinn trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (CE) (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) 2004 ([S.I. No. 435/2004](#)) (arna leasú) (na 'Rialacháin MST'). Faoi na rialacháin sin, ceanglaítear go ndéanfar scagadh MST ar phleananna cáilitheacha amhail an PNFUD mar an gcéad chéim le cinneadh an bhfuil gá le MST. Rinneadh athbhreithniú scagtha i gcomhréir le treoirlínte scagtha 2021 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), agus deimhníodh leis sin go bhfuil gá le MST éigeantach don Phlean (tá an Ráiteas Scagtha curtha ar fáil in Aguisín A den Tuarascáil um Scópáil MST). Áirítear ar na céimeanna ina dhiaidh sin scópáil, measúnú, comhairliúchán poiblí maidir leis an dréacht-Phlean agus leis an Tuarascáil Timpeallachta, agus monatóireacht ar chur chun feidhme an phlean. Is é scóipeáil an chéim ina bhfuilimid faoi láthair.

Is é an aidhm go mbeadh tionchar ag an bpróiseas MST ar an bplean agus é a fheabhsú. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas ná measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí suntasacha dóchúla ar an timpeallachta ó chur chun feidhme an phlean agus roghanna eile réasúnta chun cuspóirí an phlean a bhaint amach a bhreithniú. Áirítear éifeachtaí comhcheangailte, carnacha agus trasteorann an phlean ina iomláine agus le pleananna agus cláir eile mar chuid den mheasúnú freisin.

Leagtar amach leis na Rialacháin MST ceanglais shonracha le haghaidh comhairliúcháin le húdaráis Chomhshaoil, lena n-áirítear údaráis chomhshaoil trasteorann, ag an gcéim scópála agus le haghaidh comhairliúchán poiblí ar an dréachtphlean agus ar an Tuarascáil Timpeallachta MST. Ní mór Tuarascáil Timpeallachta MST agus aiseolas ón gcomhairliúchán a chur san áireamh freisin agus an plean á thabhairt chun críche agus le haghaidh monatóireacht ar a chur chun feidhme.

2.2.5 Treoir maidir le Sloda Séarachais

Leis an Treoir maidir le Sloda Séarachais ([86/278/EEC](#)), ceadaítear sloda cóireáilte agus bithsholaid a úsáid sa talmhaíocht, faoi réir ceanglais theicniúla shonraithe, gan gá a bheith le húdarú dramhaíola ar leith. Leagtar amach leis an Treoir luachanna teorann maidir le cur miotal trom agus cothaitheach ar an talamh.

2.3 Príomhbheartais agus Príomhphleananna Cur Chun Feidhme

2.3.1 Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce

Leagtar amach sa Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce (RBSU) tosaíochtaí an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí uisce le linn na tréimhse atá sonraithe sa ráiteas. Foilsíodh Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2024 – 2030 i mí Feabhra 2024. I measc na dtosaíochtaí a bhaineann le ról Uisce Éireann i seirbhísí fuíolluisce, tá a chinntiú go gcomhlíonfaidh seirbhísí fuíolluisce maidir le TCFUU agus ceanglais údaraithe um sceitheadh fuíolluisce go hiomlán, acmhainn a sholáthar chun tacú le forbairt tithíochta agus eacnamaíoch de réir na dtosaíochtaí fáis atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta (CPN), agus comhoibriú feabhsaithe le húdaráis áitiúla chun Pleananna Comhtháite Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh (PCBFUU) a fhorbairt.



2.3.2 Plean Gníomhaíochta Uisce 2024 (3ú Timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí)

Cuirtear an CTU chun feidhme trí Phleananna Bainistíochta Abhantraí (PBA) lena ndéantar measúnú ar stádas reatha dobharlach intíre agus cósta agus ina leagtar amach pleananna agus Clár Beart chun stádas ‘Maith’ nó ‘Acmhainn Mhaith Éiceolaíoch’ ar a laghad agus na cuspóirí atá leagtha síos do gach dobharlach a bhaint amach. Is é Plean Gníomhaíochta Uisce 2024 3ú timthriall PBA na hÉireann, a chlúdaíonn an tréimhse 2022–2027. Táthar ag súil go bhfoilseofar an 4ú timthriall PBA (2028-2033) i bhfoirm dhréachta ag deireadh 2026, lena ghlacadh faoi dheireadh 2027.

Sainaitníodh 197 dobharlach ‘atá i mbaol’ sa Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024 inar sainaitníodh fuíolluisce uirbeach mar bhrú suntasach. Rinne UÉ beart chun aghaidh a thabhairt ar go leor díobh sin agus gheall sé go ndéanfaidh sé measúnú ar gach ceann de na brúnna suntasacha eile faoi 2027. Déanfar líon na mbrúnna suntasacha a nuashonrú ag deireadh 2026, bunaithe ar athnuachan leanúnach tréithrithe atá á déanamh ag GCC.

Tá aguisíní sa Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024 a bhaineann go sonrach le fuíolluisce uirbeach, mar a léirítear thíos i **bhFíor 1**:

Aguisín 6: Liosta de Thionscadail Fuíolluisce Uirbigh	Aguisín 7: Liosta de 197 ndobharlach	Aguisín 8: Oibreacha Feabhsaithe ar Phíobáin Fhorskuite Uisce Stoirme	Aguisín 9: Liosta de Thionscadail um Rialú Ioncaim 3 Uisce Éireann
Liosta de thionscadail atá ar siúl faoi láthair (fuíolluisce faoi thalamh agus fuíolluisce os cionn talún), dátaí críochnaithe measta agus cé acu an bearta “cosanta” nó bearta “athchóirithe” iad.	Liosta de 197 ndobharlach ina bhfuil fuíolluisce uirbeach ina bhrú suntasach agus na tionscadail lena dtabharfar fúthu (plean na ndobharlach).	Liosta de thionscadail le líon na bhfeabhsuithe lena bhfuiltear ag súil ar píobáin fhorskuite uisce stoirme.	Liosta de thionscadail neamhspleácha (caiteachas>100k i Rialú Ioncaim 3).

Fíor 1: Aguisíní maidir le Fuíolluisce Uirbeach, An Plean Gníomhaíochta Uisce, 2024.

Is iad príomhchuspóirí UÉ i ndáil le CTU bearta a chur chun feidhme chun tionchar ár scaoileadh agus ár n-astarraingtí fuíolluisce a laghdú. I gcás gurb é sceitheadh fuíolluisce uirbigh an t-aon bhrú suntasach a théann i gcion ar dhobharlach, ba cheart go gcinnteofaí le comhlíonadh na gceanglas a bhaineann le húdaruithe um sceitheadh fuíolluisce go mbainfidh an dobharlach a chuspóirí comhshaoil sannta amach. Tá cur chuige UÉ maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais an Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024, chomh maith leis an dul chun cinn i dtaca leis na gníomhaíochtaí, leagtha amach inár bPleananna Oibre Gníomhaíochta Eanála (POGEnna)². Tuairiscíonn UÉ do GCC freisin maidir le bearta a rinneadh ar scála dobharlaigh (uasghráduithe ICFU agus líonra de ghnáth), chun iad a ionchorprú ina Rianaire Gníomhaíochtaí Abhantraí, atá le seoladh in 2026.

2.3.3 Fuinneamh, Aeráid, Sloda Fuíolluisce agus Bith-acmhainní

Agus fócas atá ag méadú ar an athrú aeráide agus spreagadh chun astaíochtaí GCT a laghdú agus glan-nialasacht a bhaint amach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal Náisiúnta agus ar fud an Tionscail Uisce, tá na pleananna Rialtais Náisiúnta seo a leanas rithábachtach dúinn chun oibriú i dtreo cur le spriocanna náisiúnta a bhaint amach:

- Leis an **bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA) 2021-2030**, tugtar le chéile na beartais, na spriocanna, na huirlisí agus an t-ábhar gaolmhar a bhaineann le hoibleagáidí aeráide agus fuinnimh na hÉireann faoi Rialacháin agus Treoracha éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh ó chomhlachtaí agus ó ranna rialtais éagsúla isteach in aon doiciméad amháin agus léirítear ann na huaillmhianta atá leagtha amach sa **Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (PGA) 2025**, a bhfuil sé mar aidhm leis sprioc um laghdú 51% ar astaíocht GCT a bhaint amach (bunaithe ar bhonnlíne 2018) faoi 2030, agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Socraítear go sonrach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide sprioc náisiúnta maidir le táirgeadh bithmheatáin de 5.7TWh faoi 2030 amach go sonrach.
- Leis an **gCreat Náisiúnta um Oiriúnú**, treoraítear cur chuige an rialtais maidir le hoiriúnú don aeráid agus don ghá le plean oiriúnaithe eanála do bhonneagar agus do sheirbhísí uisce.
- Tá príomhfhócas sa **Straitéis Náisiúnta Bithmheatáin agus sa Phlean Gníomhaíochta Bithghilleagair 2023-2025** maidir le hinbhuanaitheacht, ciorcaíocht agus acmhainní nádúrtha feabhsaithe. Leagtar amach sa straitéis,

² <https://www.water.ie/projects/strategic-plans/sectoral-action-work-plans>

arna comhfhorbairt ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), bearta chun tacú le forbairt an Díleá Anaeróbaigh (DA) agus an Tionscal Bithmheatáin.

- Soláthraítear leis an **gCód Dea-Chleachtais maidir le húsáid Bithsholad sa Talmhaíocht** (1999) faisnéis mhionsonraithe faoi dhea-chleachtas i dtaca le cóireáil, athúsáid agus monatóireacht.

2.3.4 Uisce Stoirme agus Pleanáil Chomhtháite Draenála


Foráiltear leis an Acht um Sheirbhísí Uisce, cé go bhfuil soláthar, oibriú agus cothabháil córas séarachais fuíolluisce agus córas séarachais comhcheangailte sannta d'Uisce Éireann, go bhfuil na húdaráis áitiúla fós freagrach as soláthar, oibriú agus cothabháil séarach uisce stoirme.

In go leor ceantar, amhail na cinn nach bhfreastalaítear orthu ach córas séarachas comhcheangailte, tá uisce báistí ina ionchur an-suntasach do chórais fuíolluisce. Is féidir le sreafaí suntasacha uisce dromchla isteach i gcórais fuíolluisce a bheith mar thoradh ar uisce báistí ó dhromchlaí crua-sheasta (díonta, bóithre), a bhféadfadh, chomh maith le hacmhainn luachmhar a úsáid a d'fhéadfaí a úsáid seachas sin chun freastal ar shreafaí a bhaineann le fás, tionchair ar an gcomhshaol agus ar chustaiméirí a bheith mar thoradh air de bharr forscití agus tuilte, chomh maith le costais bhreise ar chaidéalú agus ar chóireáil. Tugtar sampla de mhéid na limistéar neamhscagach a chuireann le córais fuíolluisce in Éirinn i **bhFíor 2**.

Aithnímid go bhfuil gá leis an gcur chuige 'Pleanáil Chomhtháite Draenála' - cur chuige ina gcuirtear feidhmíocht gach córais draenála - córais fuíolluisce, chomhcheangailte agus uisce stoirme) sa timpeallacht uirbeach san áireamh chun críocha measúnaithe agus pleanála, a ionchorprú in PNFUD agus é sin á dhéanamh i gcomhréir le cuspóirí beartais an rialtais agus le príomhcheanglais reachtaíochta, mar atá achoimrithe thíos:

- **Ráiteas Beartais maidir le Seirbhísí Uisce 2024-2030, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO): Cuspóir 3:** Le hinbhuanaitheacht, tugtar tús áite do Phleanáil Chomhtháite Draenála mar a moladh sa Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (Athmhúnlú), ag aithint go mbeidh gá le comhoibriú feabhsaithe go luath amach anseo idir Uisce Éireann agus Údaráis Áitiúla chun PCBFUUnna a fhorbairt.
- **An Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce (athmhúnlú):** Ceanglaítear le hAirteagal 5 agus le hlarscríbhinn 5 go mbunófar PCBFUU (lena n-áirítear córais fuíolluisce agus rith chun srutha uirbigh) do cheirtleáin níos mó ná 100,000 CD faoi 2033, agus do cheirtleáin 'a bhfuil riosca ag baint leo' agus idir 10,000 agus 100,000 CD faoi 2039.

- **An Creat Náisiúnta Pleanála:** Is é cuspóir 81 *Tacú le cur chun feidhme Pleananna Comhtháite Bainistíochta Fuíolluisce agus Draenála ag Uisce Éireann, ag Údaráis Áitiúla agus ag páirtithe eile ar a bhfuil freagrachtaí draenála, bunaithe ar riosca tosaíochta agus i gcomhréir le ceanglais an PBA agus Treoracha an Aontais maidir le hUisce.*
- **Plean Gníomhaíochta Uisce 2024 (3ú Timthriall PBA), RTRÁO:** Rith chun Srutha Uirbeach Bheart 8: Rannpháirtíocht idir RTRÁO, roinnt údaráis áitiúla, Uisce Éireann (mar cheannasaí) agus CRF chun teacht ar chomhaontú i bprionsabal maidir le cur chuige comhoibriúch agus treochlár agus treoidhoiciméid maidir le pleananna comhtháite bainistíochta draenála uirbí a fhorbairt.
- **Bainistíocht Dhúlrahnaithe ar Uisce Báistí agus ar Sceití Uisce Dromchla i gCeantair Uirbeacha: Straitéis Náisiúnta, RTRÁO, 2024:** Sprioc d'Uisce Éireann an mhodheolaíocht a fhorbairt do PCBFUU faoi dheireadh 2027.



Fíor 2: Sampla de Dhromchlaí Crua-sheasta a Chuireann leis an gCóras Fuíolluisce (Ceirtleán na Rinne - a mheastar a bheith os cionn 3,400ha. Foinse: Samhlacha Hiodrála UÉ).

2.4 Pleananna agus Cuspóirí Straitéiseacha

Beidh ailíniú, nuair is gá, agus machnamh ar straitéisí agus ar phleananna inmheánacha agus seachtracha eile ina bpríomhriachtanas de chuid an PNFUD.

2.4.1 Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050


Is é Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 (PSSU 2050) plean straitéiseach fadtéarmach Uisce Éireann arna cheangal faoin Acht um Sheirbhísí Uisce Uimh. 2013. Leagtar amach ann an dóigh a bhfuil sé mar aidhm againn iad a bhaint amach i gcomhthéacs na ndúshlán suntasach is dócha a bheidh romhainn sna 25 bliana atá romhainn.

Tá an Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála á fhorbairt chun tacú le cur i gcrích an Phlean Straitéisigh um Sheirbhísí Uisce 2050 (PSSU 2050). Agus forbairt creata straitéisí náisiúnta um fhuíolluisce á sainaitheint go sonrach faoi Aidhm Straitéiseach 7, Ar dTimpeallachta Uisce a Chosaint, cuireann an PNFUD go mór freisin le cuspóirí an PSSU, is iad sin tacú le custaiméirí, le pobail agus leis an ngeilleagar, an timpeallacht a chosaint agus a athchóiriú, agus seirbhísí inbhuanaithe atá oiriúnach don todhchaí a sholáthar. Trí chreat pleanála comhsheasmhach, fianaise-bhunaithe agus inoiriúnaithe, soláthraítear sásra leis an PNFUD chun na huaillmhianta straitéiseacha sin a aistriú go cinntí maidir le pleanáil agus infheistíocht fhadtéarmacha maidir le fuíolluisce agus draenáil. Tá forléargas ar chion an PNFUD achoimrithe id**Tábla 1** thíos.

Tábla 1: Ailíniú PSSU agus PNFUD

Cuspóir Straitéiseach PSSU 2050	Aidhmeanna Straitéiseacha Ábhartha	Conas a Chuidíonn an PNFUD
Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gCustaiméirí, leis na Pobail agus leis an nGeilleagar	Aidhm 5: Teagmháil le Pobail Aidhm 6: Soláthar a Dhéanamh d'Fhás	Tacaíonn sé le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal, le cinnteoireacht thrédhearcach agus le pleanáil fhadtéarmach don tithíocht, den fhás daonra agus d'fhorbairt eacnamaíoch.
Cuspóir Straitéiseach 3: Ár dTimpeallacht a Chosaint agus a Athchóiriú	Aidhm 7: Ár dTimpeallacht Uisce a Chosaint Aidhm 8: Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce Aidhm 9: Cur le Bithéagsúlacht Dhearfach	Soláthraítear cur chuige náisiúnta chun feidhmíocht na timpeallachta, torthaí cháilíocht an uisce, stádas éiceolaíoch, deiseanna bithéagsúlachta agus buntáistí comhshaoil níos leithne a mheas. Soláthraítear cur chuige náisiúnta chun feidhmíocht na timpeallachta, torthaí cháilíocht an uisce, deiseanna bithéagsúlachta agus buntáistí comhshaoil níos leithne a mheas.
Cuspóir Straitéiseach 4: Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Aimsir atá Amach Romhainn	Aidhm 10: Neodracht Carbóin a Bhaint Amach Aidhm 11: Cuir Chuige Chiorclacha a ghlacadh Aidhm 12: Ár Sócmhainní a Bhainistiú Aidhm 13: Tairbhe a bhaint as Nuálaíocht Aidhm 14: Maoiniú Fadtéarmach a Fháil	Cuirtear pleanáil oiriúnaitheach, measúnú ar athléimneacht, measúnú ar chostas agus ar charbón saolré, cinnteoireacht bunaithe ar an Luach is Fearr, agus pleanáil infheistíochta fadtéarmaí i bhfeidhm chun tacú le seirbhísí inbhuanaithe fuíolluisce agus draenála.

In PSSU 2050, plean Leibhéal 1 mar a léirítear i **bhFíor 3**, léirítear ár dtreo straitéiseach agus na gníomhaíochtaí a chuirfimid chun feidhme chun seirbhísí uisce poiblí inbhuanaithe a chinntiú d'Éirinn. Beidh an PNFUD suite laistigh de Leibhéal 2 mar 'Phean Straitéiseach'.



Fíor 3: An gaol atá ag PSSU Shraith 1 le Pleananna Straitéiseacha Shraith 2, Straitéisí Tacúla agus pleananna cur chun feidhme níos mionsonraithe agus an gaol atá acu le beartais agus straitéisí náisiúnta agus áitiúla³


Is ceanglas maidir le PSSU é forbairt an PNFUD faoi Sprioc Straitéiseach 7, agus sainaitheann é mar "Gníomh 3.1: Oibriú le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara chun Creat Straitéiseach Fuíolluisce a fhorbairt."

³ Water Services Strategic Plan 2050

2.4.2 An Creat Inbhuanaitheachta

Leagtar amach inár gCreat Inbhuanaitheachta ár n-uailmhianta inbhuanaitheachta, amhail astaíochtaí glan-nialasacha carbóin faoi 2040, glanghnóthachan sa bhitheagsúlacht faoi 2030, laghdú ar astaíochtaí GCT, agus a chinntiú go gcuirfear réitigh chiorclacha san áireamh i ngach tionscadal caipitil faoi 2026.

Leagtar amach lenár gCreat Inbhuanaitheachta ár ngealltanais inbhuanaitheachta bunaithe ar cheithre cholún; mar a léirítear thíos, agus ar shé phríomh-uailmhian a thacaíonn le tionscnaimh atá leabaithe ar fud an ghnólaigh agus trínár slabhra soláthair.



Fíor 4: Creat Inbhuanaitheachta Uisce Éireann.

2.4.3 Ailíniú le pleananna straitéiseacha eile

Aithnímid go bhfuil réimse éagsúil pleananna agus straitéisí i seilbh na bpáirtithe leasmhara agus á gcoinneáil ar bun acu, agus cuirfimid iad sin san áireamh i bhforbairt ár PNFUD agus féachfaimid lena n-ailíniú ina fhorbairt. Ina theannta sin, ailíneoidimid le straitéisí agus le tionscnaimh Uisce Éireann, chomh maith le pleananna bonneagair níos leithne don limistéar staidéir. Cinnteofar leis an ailíniú sin go ndéanfar bonneagar bainistíochta fuíolluisce a chomhtháthú i ngrúpaí pleanála níos leithne chun tacú le fás eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht comhshaoil.

Tá liosta neamh-uileghabhálach de phleananna agus de straitéisí a chuirfear san áireamh mar chuid d'fhorbairt an PNFUD, leagtha amach i **bhFíor 5** thíos.




Fíor 5: Pleananna agus Straitéisí.

2.4.4 Ailíniú le Tionscnaimh Cothabhála Caipitil atá Ar Siúl

Tá roinnt tionscnamh ar bun ag Uisce Éireann chun tuiscint, pleanáil agus soláthar na leibhéal inbhuanaithe a bhaineann le cothabháil caipitil a neartú ina chuid sócmhainní fuíolluisce go léir. Díríonn na tionscnaimh sin ar fheabhas a chur ar an dóigh a mbainistítear lonaid chóireála fuíolluisce agus an bonneagar gaolmhar agus a dtacaítear leo, rud a chuidíonn le seirbhísí níos iontaofa a sholáthar, comhlíonadh a choinneáil ar bun agus an timpeallacht a chosaint. Trí fheabhas a chur ar chleachtais bainistíochta sócmhainní, tacaíocht oibríochtúil a neartú, agus infheictheacht bhail na sócmhainní a fheabhsú, a bhuí leis an obair sin, éascaítear pleanáil chothabhála fadtéarmaí níos éifeachtaí, infheistíocht a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos fearr, agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint níos luaithe. Le chéile, tacaíonn na bearta sin le cur chuige níos réamhghníomhaí maidir le cothabháil sócmhainní agus cuidíonn siad le rioscaí oibríochtúla agus rioscaí comhlíonta a laghdú ar fud an líonra fuíolluisce.

Tá an obair sin faoi bhealach ar fud na heagraíochta agus tá sin ag cuidiú linn bogadh i dtreo modh oibre atá níos réamhghníomhaí, lena sainithnítear saincheisteanna níos luaithe, lena bhfeabhsaítear feidhmíocht, agus lena gcothaítear muinín maidir leis an dóigh a bhfreastalaímid ar chustaiméirí agus ar rialtóirí.


Lena chinntiú go bhfreastalóidh córais agus líonraí cóireála fuíolluisce i gcónaí ar riachtanais na bpobal, an gheilleagair agus an chomhshaoil, ní mór ár sócmhainní a chothabháil mar is cuí. Is é is aidhm don chur chuige sin i leith Bainistíocht Sócmhainní fóinteacht (an cumas an leibhéal inmhianaithe seirbhíse a choinneáil ar bun) a choinneáil ar bun ar fud gnáth-shaolré sócmhainne. Leis an gcur chuige sin, bainistítear riosca, tugtar cosaint do shócmhainní ar mheath luathaithe agus laghdaítear costas saolré trí shaol na sócmhainní a fhadú.



3. Ár gCur Chuige maidir le Forbairt an PNFUD

Leagtar amach sa chuid sin an cur chuige atá beartaithe againn maidir le forbairt an PNFUD trí chur síos a dhéanamh ar chéimeanna ábhartha an phlean, cur chuige áirithe ginearálta mar a thuairiscítear in PSSU a phlé, agus an gaol atá aige le planáil infheistíochta amach anseo a shonrú.

3.1 Príomhchéimeanna an PNFUD



Fíor 6: Riachtanais reatha agus amach anseo maidir le fuíolluisce agus draenáil a thuiscint.

Is iad seo a leanas na príomhchéimeanna a úsáidfimid chun ár PNFUD a fhorbairt:



Cur Chuige Molta agus Comhthéacs Straitéiseach (an doiciméad seo)

Leis an gcéad chéim sin, leagtar amach na boinn maidir le forbairt an PNFUD. Déantar an méid seo a leanas ann:

- mínítear an fáth a bhfuil gá le cur chuige náisiúnta fadtéarmach maidir le planáil fuíolluisce agus draenála;
- leagtar amach an comhthéacs ábhartha maidir le beartas, reachtaíocht, rialáil agus an comhshaol;
- sainaithnítear na príomhdhúshláin, na príomhdjeiseanna agus na príomhthreochtaí amach anseo a rachaidh i bhfeidhm ar sheirbhísí fuíolluisce agus draenála;
- cuirtear i láthair raon feidhme, prionsabail agus cur chuige atá beartaithe chun an Plean a fhorbairt;
- moltar na Táscairí Feidhmíochta a úsáidfear chun feidhmíocht reatha agus amach anseo an chórais a mheas;
- lorgaítear aiseolas ó pháirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoin Dréacht-PNFUD agus do na measúnuithe timpeallacht a bhaineann leis.

Tacaíonn an doiciméad seo freisin le céimeanna scóipe na bpróiseas um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí.



Bailiú Sonraí

I é atá i gceist leis an gcéim seo faisnéis a bhailiú maidir le feidhmíocht córas poiblí fuíolluisce ar fud na hÉireann mar a leanas:

- Baileofar sonraí ó réimse foinsí, lena n-áirítear Uisce Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eagraíochtaí ábhartha eile.
- Áireofar leis sin cláir acmhainne fuíolluisce, cláir um brú dobharlach, bunachair sonraí sócmhainní, tacair sonraí oibríochtúla séarachais, bunachair sonraí teagmhas truaillithe agus samhlacha líonra chomh maith le pleananna réigiúnacha agus ceirtleáin fuíolluisce a forbraíodh roimhe seo, lena n-áirítear Pleananna Limistéar Draenála⁴.
- Úsáidfear an fhaisnéis chun tuiscint a fháil ar an dóigh a bhfuil córais fuíolluisce ag feidhmiú faoi láthair, chun réimsí riosca nó leochaileachta a shainaithint, agus chun tacú le pleanáil fianaise-bhunaithe agus riosca-bhunaithe don todhchaí.
- Mar chuid den phróiseas sin, breithneofar fairsinge agus leibhéal muiníne na sonraí atá ar fáil lena chinntiú go mbeidh na measúnuithe comhréireach agus trédhearcach, agus gur féidir iad a neartú de réir mar a bheidh sonraí feabhsaithe ar fáil.
- Chun feidhmíocht le déanaí ár gcórais fuíolluisce a thuiscint, déanfar measúnú ar roinnt gnéithe feidhmíochta, ag baint úsáid as an eolas is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear acmhainn agus comhlíonadh ICFUnna, an tionchar ar dhobharlaigh, acmhainn an líonra (tuilte, forscitheadh uisce stoirme) agus acmhainn bithsholad. Déanfar measúnú freisin ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir leis an riosca do shócmhainní (*Sláine Sócmhainní*), lena n-áirítear:
 - iontaofacht oibriú na n-ionad cóireála fuíolluisce agus an tionchar a bhaineann le cliseadh sócmhainní;
 - iontaofacht oibriú an bhonneagair líonra, lena n-áirítear stáisiúin chaidéalúcháin, agus an tionchar a bhaineann le cliseadh sócmhainní;
 - iontaofacht oibriú an bhonneagair bithsholad agus an tionchar a bhaineann le cliseadh an chórais;
 - Fadhbanna oibríochtúla líonra, lena n-áirítear intitim agus bacainní.



Measúnú Riosca

Sa chéim sin, déantar measúnú ar an dóigh a bhféadfadh athruithe amach anseo dul i bhfeidhm ar sheirbhísí fuíolluisce agus ar na pobail agus na timpeallachtaí a dtacaíonn siad leo. Tá sé deartha chun:

- An dóigh a bhfeidhmíonn ár gcórais fuíolluisce faoi láthair a thuiscint.
- An dóigh a ndéileálfadh ár gcórais fuíolluisce agus le dúshlán amach anseo a thuiscint. D'fhéadfadh brúnna amach anseo, amhail fás daonra, forbairt tithíochta, an t-athrú aeráide agus athrú ar chaighdeán chomhshaoil, dul i bhfeidhm ar chumas seirbhísí fuíolluisce cuspóirí pleanála, seirbhíse agus comhshaoil a bhaint amach.
- Dúshlán athléimneachta níos leithne a shainaithint a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar sheirbhísí fuíolluisce amach anseo, lena n-áirítear rioscaí a eascraíonn as adhamsir, íogaireachtaí comhshaoil agus tosca seachtracha eile.




Saintréithriú fadhbanna

Is éard atá i gceist leis an gcéim seo an próiseas chun na dúshlán nó na fadhbanna laistigh de chóras draenála agus fuíolluisce a shainaithint, a anailísiú agus a thuiscint. Tá an chéim seo rithábachtach chun straitéis éifeachtach a fhorbairt chun feidhmíocht an chórais a bhainistiú agus a fheabhsú, rud a chinntíonn athléimneacht, inbhuanaitheacht agus comhlíonadh na gceanglas rialála. Áirítear an méid seo a leanas ar phríomhghnéithe shaintréithriú fadhbanna:

- Comhthiomsú Rioscaí agus Anailís ar Rioscaí:
 - Sonraí riosca a chomhthiomsú maidir le staid reatha an chórais draenála agus fuíolluisce, lena n-áirítear feidhmíocht hidrálach, tionchair ar an gcomhshaoil agus bail na sócmhainní.
 - Sonraí stairiúla a anailísiú, amhail teagmhais tuilte, teagmhais truaillithe agus cliseadh córais.

⁴ Clár náisiúnta is ea Clár Plean Limistéir Draenála (PLD) Uisce Éireann lena ndéantar measúnú ar fheidhmíocht an líonra fuíolluisce, lena saináithnítear rioscaí a bhaineann le hacmhainneacht agus leis an gcomhshaoil, agus lena sainítear an bonneagar is gá chun cáilíocht an uisce a chosaint agus chun tacú le fás. Leis an gclár, forbraítear samhlacha hidrálacha mionsonraithe agus roghanna fianaise-bhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí tuilte, ar rioscaí truaillithe agus ar shrianta líonra.

- Fadhbanna a Shainaithint:
 - Réimsí a bhfuil ábhar imní suntasach ag baint leo a shainaithint, amhail srianta acmhainne, sláine sócmhainní, srianta oibríochtúla nó rioscaí comhshaoil.
 - Béim a chur ar limistéir atá i mbaol dúshlán tuilte, truailithe nó dúshlán oibríochtúla eile.
- Forbhreathnú ar Riosca Ceirtleán:
 - Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh fadhbanna a sainaithníodh agus a dtionchar ar an gcóras agus ar an timpeallacht máguaird.
 - Rioscaí amach anseo, amhail an t-athrú aeráide, fás daonra agus uirbiú a bhreithniú.



Measúnú ar Fhorbairt Roghanna

Breithnítear sa chéim seo na deiseanna agus na roghanna, agus déantar measúnú orthu trí mhodheolaíocht lena gclúdaítear:

- An t-ordlathas roghanna a bhreithneofar.
- Liostaí roghanna neamhsrianta, srianta agus indéanta a fhorbairt, agus critéir maidir le gluaiseacht eatarthu. Déanfar measúnú ar gach idirghabháil chun an tairbhe reatha agus an tairbhe amach anseo atá tuartha i gcoinne na dtáscairí feidhmíochta go léir a shocrú.
- Cinnteofar le gníomhaíochtaí MST go sainaithneofar na tairbhí a bhaineann le caipiteal nádúrtha, chun cuidiú leis an bPlean um an Luach is Fearr a shainaithint faoin Measúnú Cláir.
- Cinnteofar le gníomhaíochtaí MC go dtabharfar aird chuí ar chúiseanna imní maidir le drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ar láithreáin Eorpacha le linn chéim forbartha na roghanna.



Measúnú Cláir

Áirítear na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas sa chéim seo:

- Athbhreithniú ar an tsraith idirghabhálacha a sainaithníodh sa Mheasúnú ar Fhorbairt Roghanna chun Plean Íoschostais agus Plean um an Luach is Fearr ar feadh

25 bliain a chruthú. Dhéanfaí costais saolré a mheas bunaithe ar chaiteachas caipitil agus ar chaiteachas oibriúcháin thar thréimhse 25 bliain.


- An **Plean Íoschostais** a shainaithint ina gcuimseofar liosta idirghabhálacha in ord tosaithe ar gá iad a chur i gcrích chun freastal ar riachtanais rialála agus ar íoschaighdeán feidhmíochta i gcás dóchúil amach anseo.
- An **Plean um an Luach is Fearr**, lena sainaithneofar sraith réiteach a chomhlíonfaidh riachtanais rialála chomh maith, ach a bheidh bunaithe ar chritéir costais is tairbhe. D'fhéadfaí sraith réiteach a shainaithint sa Phlean um an Luach is Fearr a sháraíonn an costas a bhaineann leis an bPlean Íoschostais, ach soláthrófar leis an bPlean um an Luach is Fearr an tairbhe is mó don todhchaí i gcoinne táscairí feidhmíochta maidir leis an gcostas tuartha. Beidh sainmhíniú an Phlean um an Luach is Fearr bunaithe ar thairbhí breise measta níos leithne a bhaineann le cuir chuige caipitil nádúrtha agus réitigh a bhfuil athléimneacht níos fearr ag baint leo i leith réimse cásanna amach anseo (mar shampla, na tairbhí iomadúla breise a chuirtear i leith baint uisce dromchla i gcás réimse cásanna maidir leis an athrú aeráide amach anseo). Le Pleanáil um an Luach is Fearr, beidh Uisce Éireann agus páirtithe leasmhara gaolmhara ábalta Straitéis Seachadta Fadtéarmach a chruthú agus tús a chur le cur chuige pleanála inoiriúnaithí chomh maith.



Tuairisciú

Glacfaimid cur chuige ón mbun aníos maidir le forbairt agus tuairisciú an PNFUD, trí phleananna a fhorbairt ar dtús ar an leibhéal ceirtleáin nó fo-cheirtleáin, agus pleananna ar scála níos mó a chruthú ansin. Inár PNFUD, tabharfaimid tuairisc ag ceithre croí-scála:

- **Leibhéal 1 – an Leibhéal Náisiúnta** Clúdaítear leis sin gach oibríocht fuíolluisce de chuid Uisce Éireann. Úsáidtear é go príomha chun na pleananna mionsonraithe Leibhéal 3 ar fad a chomhthiomsú i dtuarascáil uile-chuideachta.
- **Leibhéal 2 – Leibhéal na Limistéar Pleanála Straitéisí.** Is é is príomhfhócas Leibhéal 2 comhoibriú a bhunú idir eagraíochtaí agus measúnú a dhéanamh ar staid chomhshaoil doibharlach. Beidh ár bPleananna Leibhéal 2, a bheidh comhdhéanta arís de cheirtleáin Leibhéal 3, ailínithe le hAbhantracha ar leith na Creat-treorach Uisce (CTU), beidh siad ábalta tacú leis an gcumarsáid agus leis an gcomhoibriú leis na gcúig réigiún de chuid Choiste Oibríochtúil Réigiúnach (COR) an Phlean Bainistíochta Abhantraí atá ina gcuid de struchtúr rialachais na Creat-treorach Uisce in Éirinn (**féach Fíor 7**). Tá na réigiúin sin ailínithe le comhpháirtíochtaí abhantraí atá ann cheana, rud a éascaíonn rannpháirtíocht níos fearr le comhpháirtithe maidir le cáilíocht an uisce agus saincheisteanna comhshaoil.



Fíor 7: Cúig réigiún de chuid Choistí Oibríochtúla Réigiúnacha na Seirbhíse Bainistíochta Abhantraí.

- **Leibhéal 3 – Leibhéal an Cheirtleáin** Is éard atá inár gceirtleáin Leibhéal 3 ná ceirtleáin ár n-ionad cóireála fuíolluisce agus cuirfear bonn faoi fhorbairt ár PNFUD agus bonn eolais faoi fhorbairt na PCBFUUnna leo. Áirítear le gach ceann acu ionad (ionaid) cóireála fuíolluisce agus an líonra séarachais poiblí in aghaidh an tsrutha a dhraenálann chucu.
- **Leibhéal 4 – Leibhéal an Fho-cheirtleáin** Freastalaíonn an leibhéal sin ar thuairisciú ar leibhéal an fho-cheirtleáin i gcás ceirtleáin níos mó, de réir mar is gá.

Ina theannta sin, le struchtúr ár PNFUD lena phleananna ar leibhéal an cheirtleáin, beifear ábalta straitéisí fuíolluisce cathrach nó réigiúnacha a fhorbairt ar scála atá ag teacht le mórlimistéir an Chreata Náisiúnta Pleanála.

Athbhreithniú agus Nuashonrú

Tá sé beartaithe go ndéanfar an plean a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn timthriallach a bheidh ailínithe le forbairt an chéad phlean infheistíochta caipitil eile, arb é sin gach 5 bliana de ghnáth, chun faisnéis, sonraí, beartais agus dlíthe nua a chur san áireamh. Le gach timthriall athbhreithnithe, tabharfar deis chun tacair sonraí fheabhsaithe, samhlacha nuashonraithe agus fianaise ar mhonatóireacht a ionchorprú, rud a mhéadóidh clúdach agus muintín mheasúnuithe an Phlean de réir a chéile. Is eol dúinn go dtiocfaidh athruithe chun cinn thar an gcéad 25 bliana eile agus mar sin breithneoidimid réimse todhchaíochtaí féideartha, a bhfuil roinnt díobh níos dúshlánaí ná cinn eile. Rinneamar tiomantas freisin do phróiseas leanúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar an bplean agus aiseolas a fháil ina leith. Déanfar é sin a chomhtháthú leis an bplean monatóireachta a theastaíonn mar chuid den phróiseas MST. Lenár gcur chuige maidir le monatóireacht, athbhreithniú agus nuashonrú, éascófar pleanáil oiriúnaitheach, agus ciallaíonn sé go mbeimid réidh agus solúbtha d'aon rud a bheidh i ndán dúinn amach anseo.

3.1.1 Infhaighteacht agus Teorainneacha Sonraí

Déanfar an PNFUD a thórbairt ag baint úsáid as na tacaí sonraí fuíolluiscis is fearr atá ar fáil laistigh de chroíchórais sonraí oibríochtúla, comhshaoil agus sócmhainní UÉ. Athraíonn infhaighteacht, comhsheasmhacht agus iontaofacht na sonraí ó chnuasach go chéile agus de réir na gcineálacha sócmhainní. Is é is cúis leis sin den chuid is mó na leibhéil éagsúla de chlúdach suirbhéireachta, aibíocht samhlacha, infhaighteacht sonraí oibríochtúla stairiúla, agus aibíocht córais sonraí fiontair atá ag forbairt. Aithneofar na hathruithe agus na teorainneacha sonraí sin agus déanfar iad a bhainistiú go gníomhach tríd an gcur chuige anailíseach straitéiseach atá curtha i bhfeidhm laistigh den PNFUD. Cinntítear leis an gcur chuige sin go mbeidh an PNFUD bunaithe i gcónaí ar mheasúnú fianaise-bhunaithe ar na sonraí atá ar fáil agus ar na teorainneacha a bhaineann leo.

Úsáidfeair na bearnaí sonraí a sainaitníodh mar phríomhspreagthóirí do chláir spriodchhírthe feabhsúcháin sonraí, do thionscnaimh chaighdeánaithe, do chomhtháthú córas agus d'fheabhsuithe ar an rialachas. Forbrófar an PNDFUD i gcomhthráth le haistriú UÉ i dtreo bainistíocht saolré sócmhainní atá ailínithe le ISO 55000, ag aithint go leanfaidh aibíocht sonraí ag feabhsú le linn shaolré an Phlean agus trí thimthriallta leanúnacha an Phlean.

3.2 Príomh-mhodhanna cur chuige an PNFUD

Inár bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Fuíolluisce, leagaimid amach roinnt cuir chuige atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar ár ndúshláin fhadtéarmacha, lena n-áirítear Smaointeoireacht Córais, Comhoibriú, agus Pleanáil Oiriúnaitheach. Sainaithnímid freisin beart chun réitigh dhúlra bhunaithe a chur chun cinn.

3.2.1 Smaointeoireacht Córais

Soláthraímid seirbhísí dár gcustaiméirí tríd an gcóras casta fuíolluisce. Braithimid ar chórais níos leithne, áfach, mar shampla, córais hidreolaíocha agus éiceolaíocha na timpeallachta uisce ina nglactar ár scaoileadh fuíolluisce. Ionas go mbeimid in ann na réitigh is fearr le haghaidh seirbhísí fuíolluisce a chinneadh, tá sé ríthábhachtach mar sin go nglacfaimid dearcadh ar an gcóras trí chéile chugainn féin, seachas déileáil le sraith sócmhainní amháin ar bhealach cúlaigeanta. Trí smaointeoireacht chórais a ghlacadh, beidh tuiscint níos fearr againn ar na hidirspleáchais laistigh dár dtimpeallacht uisce agus ar fud earnálacha seirbhíse, as a dtiocfaidh torthaí tairbheacha do chách. D'fhéadfadh cur chuige i leith smaointeoireacht chórasach comhoibriú le páirtithe leasmhara eile a chumasú óir uaireanta is féidir lenár réitigh tairbhí iomadúla a sholáthar lena n-áirítear cuspóirí páirtithe leasmhara eile agus vice versa.

3.2.2 Comhoibriú le Páirtithe Leasmhara

Tá a lán de na dúshláin atá roimh sheirbhísí fuíolluisce agus draenála casta agus idirnasctha, agus téann siad thar raon feidhme aon eagraíocht aonair maidir le dul i ngleic leo ina haonar. Le pleanáil fhadtéarmach éifeachtach a dhéanamh, teastaíonn comhoibriú idir earnálacha agus eagraíochtaí ag a bhfuil freagrachtaí maidir le cáilíocht an uisce, pleanáil úsáide talún, cosaint an chomhshaoil, draenáil, bainistíocht tuilte agus soláthar bonneagair.

Lena chinntiú go bhfuil an PNFUD ag teacht le ceanglais reachtaíochta, leis an mbeartas náisiúnta agus le cuspóirí straitéiseacha Uisce Éireann, leanfar le bonn eolais a chur faoina fhorbairt le rannpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach le páirtithe leasmhara ar fud na n-earnálacha uisce, comhshaoil, pleanála agus rialála. Tógfaidh an Plean ar na socruithe comhoibríocha, na struchtúir rialachais agus na fóraim páirtithe leasmhara atá ann cheana agus trína n-oibríonn Uisce Éireann cheana féin le príomhpháirtithe maidir le hábhair a bhaineann le seirbhísí fuíolluisce, cáilíocht an uisce, bainistíocht abhantrach, cosaint an chomhshaoil agus pleanáil straitéiseach.

Áirítear iad seo a leanas ar na príomhshocruithe comhoibríocha a leanfaidh le bonn eolais a chur faoi fhorbairt an PNFUD:

- Plé leanúnach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO), leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRF);
- Rannpháirtíocht i struchtúir rialachais Pleananna Bainistíochta Abhantraí, lena n-áirítear na Coistí Oibríochtúla Réigiúnacha, go háirithe maidir le stádas na ndobharlach, brúnna cháilíocht an uisce agus bainistíocht abhantrach;
- Rannpháirtíocht trí fhóraim agus trí ghrúpaí oibre náisiúnta maidir le huiscí snámha agus uiscí sliogéisc;
- Rannpháirtíocht i ngrúpaí ilpháirtithe leasmhara arna mbunú ag RTRÁO chun tacú le trasú agus cur chun feidhme na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (Athmhúnlú); agus
- Comhoibriú leanúnach le húdarais áitiúla, na Seirbhísí Bainistíochta Abhantraí (SBA) agus páirtithe leasmhara ábhartha eile maidir le cúrsaí a bhaineann le rith chun srutha uirbeach, bainistíocht uisce stoirme, pleanáil chomhtháite draenála agus cosaint an chomhshaoil;

Tacaíonn clár níos leithne de rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal le forbairt an PNFUD freisin. Le gníomhaíochtaí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta, cuirfear deiseanna ar fáil do phobail, do chustaiméirí, do chomhlachtaí poiblí, d'eagraíochtaí comhshaoil, d'ionadaithe tionscail agus do pháirtithe leasmhara eile chun cur le forbairt an Phlean. Cuideoidh an t-aiseolas a gheofar trí na próisis seo le bonn eolais a chur faoin PNFUD agus é a bheachtú de réir mar a rachaidh sé ar aghaidh.

3.2.3 Pleanáil Oiriúnaitheach

Lenár PNFUD, déanfar pleanáil don todhchaí trí chur chuige oiriúnaitheach a úsáid, rud a chuirfidh ar ár gcumas freagairt do threochtaí agus do riachtanais atá ag athrú agus torthaí inbhuanaithe a bhaint amach. Tá roinnt éiginnteachtaí ríthábhachtacha le sárú againn go fadtéarmach lena n-áirítear mar shampla cad atá i ndán dúinn ó thaobh athrú aeráide de agus, dá dtiocfadh orainn, an mbeadh fás daonra nach bhfacthas riamh cheana i ndán dúinn mar gheall ar imirce aeráide. Is cur chuige é an phleanáil oiriúnaitheach lena n-aithnítear cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí, lena gcoinnítear súil ar tháscairí treochta cuí agus lena n-aithnítear pointí truícir sna táscairí a mbeadh ina gcúis dúinn ár bplean a oiriúnú don chás dóchúil atá ag teacht chun cinn. Cé go mbeidh cuid mhór dár bpleanáil agus dár n-infheistíochtaí “saor ó aiféala nó ar bheagán aiféala”, i.e. bheadh siad tairbheach faoi cibé cás

a d'fhéadfadh tarlú amach anseo, beidh orainn a bheith oiriúnaitheach maidir le cuid dár bpleanáil. Tá sé beartaithe againn tuiscint níos fearr a fhorbairt ar threochtaí amach anseo bunaithe go criticiúil ar neamhchinnteacht agus leibhéil tionchair i gcoibhneas leis na táscairí feidhmíochta agus oiriúnú de réir mar is cuí sa chéim um measúnú ar fhorbairt roghanna.

3.2.4 Réitigh Dhúlra bhunaithe, lena n-áirítear Bonneagar Glas agus Gorm

Inár bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce, thugamar tiomantas do réitigh dhúlra bhunaithe (RDB) a chur chun cinn chun tionscadail fuíolluisce a chur i gcrích. Baineann réitigh dhúlra bhunaithe feidhm as an ndúlra agus as próisis shláintiúla éiceachórais chun réitigh níos inbhuanaithe a sholáthar don tsochaí. Chomh maith leis na rioscaí a bhaineann le bainistíocht fuíolluisce a laghdú, tá go leor buntáistí breise ag baint le réitigh dhúlra bhunaithe, lena n-áirítear úsáid fuinnimh a laghdú, ceapadh carbóin, tairbhí don bhitheagsúlacht, agus úsáid taitneamhachtaí do mhuintir na háite. Tagann an méid seo uile le sprioc an Plean Gníomhaíochta Uisce 2024 lena bhféachtar comhthairbhí comhtháite iomadúla a bhaint amach don uisce, don bhitheagsúlacht agus don aeráid, nuair is féidir.

Maidir le cóireáil fuíolluisce, leanfaimid le deiseanna a spreagadh agus a chur chun cinn chun bogaigh thógtha, giolcarnach triomaithe sloda, agus RDB eile a ionchorprú, mar is cuí.

I bhfianaise na ndúshlán atá ag dul i méid mar gheall ar uirbiú agus ar an athrú aeráide, táimid ag obair le páirtithe leasmhara na n-údarás áitiúil chun réitigh a ghlacadh chun rith chun srutha méadaithe uisce dromchla, amhail Córais Inbhuanaithe um Dhraenáil Uirbeach (SuDS), a bhainistiú. Úsáideann na córais sin gnéithe nádúrtha amhail díonta glasa, cosáin thréscailteacha, gairdíní báistí, agus bogaigh thógtha chun uisce báistí a ghearradh, a stóráil agus a scaoileadh go mall, lena laghdaítear rith chun srutha uisce dromchla agus lena n-íoslaghdaítear an riosca go mbeadh SWOnna á sceitheadh sa timpeallacht. Ní hamháin go laghdaíonn sé seo an t-ualach ar ár mbonneagar ach cuireann sé le hathléimneacht uirbeach i leith tuilte agus feabhsaíonn sé cáilíocht an uisce trí thruailleáin a scagadh amach.

3.3 An Gaol le Timthrialta Infheistíochta Caipitil

Tabharfar forléargas leis an PNFUD ar mhéid na hinfeistíochta a bheidh ag teastáil sa 25 bliain amach romhainn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán amach anseo. Tacóidh sé sin le pleananna infheistíochta 5 bliana um rialú rialála, agus éascófar leis céimniú maidir le hinfeistíocht i rith timthrialta amach anseo. Éascófar leis sin freisin bearta fadtéarmacha a áireamh (i.e. laghdú ar rith chun srutha uisce dromchla agus pleananna fadtéarmacha um laghdú ar insíothlú) lena soláthrófar an luach is fearr thar roinnt timthrialta rialaithe rialála. Tá sé beartaithe againn go gcuirfear bonn eolais faoi thimthrialta pleanála agus infheistíochta Uisce Éireann amach anseo leis an PNFUD, i gcás ina ndéanfar cinntí maidir le cur chun feidhme i gcomhréir le tosaíochtaí eagraíochtúla agus oibleagáidí rialála.




4. Cad a Thomhaisfear leis an PNFUD

Déanfaimid measúnú ar fheidhmíocht ár gcórais fuíolluisce san am atá thart, faoi láthair agus amach anseo. Chun tacú le measúnú ar fheidhmíocht le déanaí, tabharfaimid faoi mhórchleachtadh bailithe sonraí, ina gcuimseofar athbhreithniú ar gach foinse sonraí agus ar gach staidéar ábhartha de chuid Uisce Éireann agus de chuid páirtithe leasmhara seachtracha. Lena thuiscint cé chomh maith agus a fheidhmíonn ár gcóras fuíolluisce faoi láthair agus conas a dhéileálfaidh sé le dúshlán amach anseo, úsáidfimid tomhais ar a dtugtar Táscairí Feidhmíochta.

4.1 Táscairí Feidhmíochta

Taispeántar i **bhFíor 8** léiriú amhairc ar na táscairí feidhmíochta ár PNFUD atá beartaithe. Cuideoidh siad sin linn gach ceirtleán fuíolluisce a mheasúnú agus léargas foriomlán ar fud na tíre a sholáthar.



Fíor 8: Táscaire Feidhmíochta.

Sainaitnítear roinnt de na Táscairí Feidhmíochta atá beartaithe mar tháscairí comhroinnte, agus aithnítear go dtéann na tosca a imríonn tionchar ar fheidhmíocht fuíolluisce agus draenála níos faide ná bonneagar atá faoi úinéireacht Uisce Éireann nó atá á oibriú aige go minic. D'fhéadfadh freagrachtaí maidir le tuilte uisce dromchla, rith chun srutha uirbeach, stádas dobharlaigh, cáilíocht an uisce snámha agus cáilíocht uisce sliogéisc a bheith ar eagraíochtaí iomadúla, agus is é réimse gníomhaireachtaí a dhéanann na sonraí a úsáidtear chun monatóireacht agus

measúnú a dhéanamh ar na táscairí sin a bhailiú, a choinneáil agus a thuairisciú go minic. Léirítear leis na táscairí sin cineál idirnasctha an fhuíolluisce, na draenála agus na timpeallachta uisce níos leithne, agus neartaítear leo an gá le pleanáil chomhtháite, comhroinnt sonraí agus cinnteoireacht chomhoibríoch.

Tá na táscairí feidhmíochta a thomhaisfimid leagtha amach i **dTábla 2** thíos.

Tábla 2: Táscaire Feidhmíochta.

Táscaire Feidhmíochta (TF)	Freagracht as TF	Cur Síos
Tuilte Séarachais Inmheánacha	UÉ	Líon bliantúil na réadmhaoine i mbaol tuilte inmheánacha de bharr an líonra phoiblí fuíolluisce.
Tuilte Séarachais Seachtracha	UÉ	Líon bliantúil na réadmhaoine i mbaol tuilte seachtrach de bharr an líonra phoiblí fuíolluisce.
Tuilte Dromchla (Nach Fuíolluisce É)	Roinnte	Líon bliantúil na réadmhaoine i mbaol Tuilte Dromchla (Nach mBaineann le Fuíolluisce) laistigh de cheirtleáin fuíolluisce. Áirítear leis seo tuilte báistiúla (uisce dromchla) agus tuilte abhann. ⁵
Forsceití Uisce Stoirme	UÉ	(i) Líon na bhForsceití Uisce Stoirme (SWO) a bhfuiltear ag tuar go mbeidh feidhmíocht neamhiomchuí ag baint leo i gcomparáid leis na ceanglais rialála is infheidhme. (ii) Ceirtleáin a bhfuiltear ag tuar go bhfuil baol ann nach gcomhlíonfaidh siad an sprioc maidir le hualach truaillithe SWO TCFUU (athmhúnlú).
Forsceitheadh in Aimsir Thirim de bharr Insíothlaithe	UÉ	Líon na bhForsceití Uisce Stoirme a scaoiltear nó a bhfuiltear ag súil go scaoilfear iad le linn aimsir thirim de bharr insíothlaithe.
Forsceití Éigeandála	UÉ	Líon na bhForsceití Éigeandála de bharr fadhbanna oibríochtúla, amhail teip ar an soláthar cumhachta nó cliseadh trealaimh.
Truailliú Screamhuisce	UÉ	Fad an tséaraigh laistigh de chriosanna cosanta screamhuisce i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ag baint le bail an tséaraigh do cháilíocht an screamhuisce de bharr sceitheadh as an séarach.

⁵ Cuirtear tuilte nach mbaineann le fuíolluisce san áireamh toisc go léiríonn siad toradh tábhachtach do phobail agus gur féidir leis an idirghníomhaíocht idir córais draenála, uisce dromchla agus fuíolluisce tionchar a imirt orthu. Tá an fhreagracht as na córais sin a bhainistiú roinnte i measc roinnt eagraíochtaí. Leis an PNFUD, cuirtear deis ar fáil chun oibriú le páirtithe leasmhara d'fhonn comhthuiscint ar fheidhmíocht a fhorbairt agus tacú le pleanáil fhadtéarmach níos comhtháite.

Táscaire Feidhmíochta (TF)	Freagracht as TF	Cur Síos
Eisilteach Deiridh Ceadúnaithe ICFUnna	UÉ	Líon na nlonad Cóireála Fuíolluisce a bhfuiltear ag súil nach gcomhlíonfaidh siad na luachanna teorann astúcháin atá leagtha síos sa cheadúnas sceite fuíolluisce.
Eisilteach Deiridh Deimhnithe ICFUnna	UÉ	Líon na nlonad Cóireála Fuíolluisce lena mbaineann an baol nach gcomhlíonfaidh siad na ceanglais atá leagtha amach i gcuaspóirí comhshaoil an Deimhnithe Údaraithe.
Acmhainn Bhreise ICFUnna	UÉ	Líon na nlonad Cóireála Fuíolluisce a bhfuiltear ag súil nach gcomhlíonfaidh siad na ceanglais acmhainne.
TCFUU (Athmhúnlú) maidir le ICFUnna	UÉ	Líon na nlonad Cóireála Fuíolluisce a dteastaíonn uasghrádú a dhéanamh orthu chun na ceanglais chóireála atá leagtha amach in TCFUU (athmhúnlú) a chomhlíonadh.
Cáilíocht Dobharlach: Fuíolluisce Uirbeach	Roinnte	Líon na ndobharlach nach bhfuil ag baint amach na gcuaspóirí comhshaoil faoin gCreat-treoir Uisce, i gcásanna ina sainaithnítear fuíolluisce uirbeach mar bhrú suntasach.
Cáilíocht Dobharlach: Rith Chun Srutha Uirbeach	Roinnte	Líon na ndobharlach nach bhfuil ag baint amach na gcuaspóirí comhshaoil faoin gCreat-treoir Uisce, i gcásanna ina sainaithnítear rith chun srutha uirbeach mar bhrú suntasach.
Cáilíocht an Uisce Snámha	Roinnte	Líon na n-uiscí snámha intíre agus cósta atá ainmnithe faoi láthair agus a ainmneofar amach anseo i gcás ina meastar fuíolluisce uirbeach mar bhrú suntasach agus go bhfuil tionchar diúltach aige ar an stádas.
Cáilíocht Uisce Sliogéisc	Roinnte	Líon na n-uiscí snámha intíre agus cósta atá ainmnithe faoi láthair agus a ainmneoidh amach anseo i gcás ina gcruthaíonn sócmhainní fuíolluisce riosca maidir le comhlíonadh i ndáil le caighdeáin mhiocróbacha.
Teagmhais Truailithe Thromchúiseacha	UÉ	Líon na dteagmhais truailithe de chatagóir 3, de chatagóir 4 agus de chatagóir 5 a bhaineann le sócmhainní fuíolluisce, agus cásanna athfhillteacha á gcur san áireamh.
Teagmhais Truailithe Bheaga agus Theoranta	UÉ	Líon na dteagmhais truailithe de chatagóir 1 agus de chatagóir 2 a bhaineann le sócmhainní fuíolluisce, agus cásanna athfhillteacha á gcur san áireamh.
Neodracht Fuinnimh	UÉ	An céatadán Neodrachta Fuinnimh a baineadh amach ar fud na punainne náisiúnta ábhartha d'Ionaid Chóireála Fuíolluisce a láimhseálann ualaí 10,000PE nó níos mó, de réir thairseach TCFUU (athmhúnlú).
Bithsholaid Fuíolluisce	UÉ	Measúnú riosca-bhunaithe ar chóireáil, stóráil, iompar agus acmhainn asraonta bithsholad ar fud na gceirtleán sloda-ghníomhach.

D'fhéadfadh sé nach dtacaítear le roinnt táscairí feidhmíochta fós le sonraí nó monatóireacht leordhóthanach ar scála náisiúnta. Sainaithneofar leis an PNFUD deiseanna chun bailiú agus monatóireacht sonraí a fheabhsú le himeacht ama, rud a thabharfaí deis maidir leis na táscairí sin a fhorbairt agus a chuimsiú i gcinntí pleanála agus infheistíochta amach anseo de réir mar a bheidh fianaise ar fáil. Leis an PNFUD, taifeadfar leibhéal muiníne na sonraí ábhartha agus cuirfear modhanna measúnaithe comhréireacha i bhfeidhm, rud a éascóidh beachtú na dtáscairí de réir mar a thiocfaidh feabhas ar na sonraí.

I roinnt réimsí, níl cláir mhonatóireachta ach i ndiaidh tosú, nó táthar chun iad a leathnú sna blianta atá amach romhainn. Cé go soláthrófar léargas luachmhar leis na cláir sin do thimthriall reatha an PNFUD, bainfear an leas is mó astu i dtimthriallta

pleanála amach anseo de réir mar a bheidh tacair sonraí bhailíochtaithe agus fhadtéarmacha ar fáil. Mar shampla, le himeacht ama, soláthrófar le monatóireacht a tugadh isteach le déanaí ar Forscheití Uisce Stoirme (SWOnna) tuiscint níos cuimsithí ar fheidhmíocht forscite ar iompar córas. Mar an gcéanna, le cur chun feidhme ceanglas breise maidir le monatóireacht, agus Gníomhartha Cur Chun Feidhme a dhéanadh agus a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach i ndáil le modheolaíocht, faoin Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (athmhúnlú), neartófar an bonn fianaise atá ar fáil chun tacú le pleanáil agus measúnú amach anseo.



5. Treochtaí sa Todhchaí

Sa tréimhse suas go dtí 2055, is dócha go bhfeicimid athruithe gan fasach. Beidh tionchar ag réimse tosca idirnasctha, a bhfuil go leor acu éiginnte agus ag teacht chun cinn, ar sholáthar seirbhísí fuíolluisce atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe. Cruthófar leis na tosca sin éilimh nua ar an mbonneagar, beidh gá oiriúnú d'ionchais chomhshaoil agus rialála atá ag athrú agus imreoidh siad tionchar ar thosaíochtaí infheistíochta amach anseo.

Shainaithníomar seacht bpríomhréimse athraithe fhéideartha –

1. fás daonra agus forbairt;
2. athrú aeráide;
3. athruithe reachtúla agus rialála;
4. dul chun cinn i dtreo glan-nialasacht carbóin;
5. teicneolaíocht agus nuálaíocht;
6. iompar custaiméirí, agus
7. méadú ar an mbonn sócmhainní.

5.1 Fás Daonra agus Forbairt

Le daonra atá ag fás méadaítear méid an fhuíolluisce, rud a chuireann brú breise ar an mbonneagar. Is minic a bhíonn leibhéil níos airde de dhromchla neamhscagach ag baint le fás daonra freisin, próiseas ar a dtugtar “róleathadh uirbeach”, de réir mar a chuirtear rudaí crua-sheasta in ionad gairdíní, spásanna glasa agus limistéir neamhscagacha. Mar thoradh ar róleathadh uirbeach, bíonn níos mó rith chun srutha uisce dromchla ag dul isteach i líonraí séarachais. Cuireann éifeacht chomhcheangailte na n-athruithe sin éileamh níos airde ar ionaid chóireála agus ar líonraí séarachais, rud a mhéadaíonn an dóchúlacht go mbeidh srianta ar acmhainn na n-ionad cóireála, go mbeidh tuilte séarachais ann agus go mbeidh doirteadh ó róshreabhadh uisce stoirme ann. Mar gheall ar an méadú ar tháirgeadh sloda, cruthaítear dúshlán breise.

Gníomhaíocht PNFUD


Déanfaimid pleanáil maidir le fás daonra agus fás forbartha a ailíniú le hordlathas na bpleananna i gcóras pleanála na hÉireann mar a leanas:

- Is é an **Creat Náisiúnta Pleanála**, an Chéad Athbhreithniú (CNP), straitéis spásúil ardleibhéil na hÉireann lena dtreoraítear forbairt, infheistíocht i mbonneagar, agus fás inbhuanaithe daonra agus tithíochta go dtí 2040. Léirítear ann méadú ar dhaonra na hÉireann ó bhonnlíon 5.14 milliún i nDaonáireamh 2022 go dtí 5.7 milliún faoi 2030 agus 6.1 milliún faoi 2040. Tá sé mar aidhm leis an bhfás sin a bhaint amach ar bhealach atá cothrom ar fud thrí réigiún na hÉireann, agus bém á cur ar fhás dlúth i limistéir faoi fhoirgnimh atá ann cheana, go háirithe thart ar Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Port Láirge, Gaillimh agus Luimneach, chomh maith le roinnt ionaid réigiúnacha eile.
- Leis na **Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta**, soláthraítear creat beartais ar leibhéal réigiúnach a thacaíonn le cuspóirí an CNP. Tá na trí SRSE á n-athbhreithniú faoi láthair, agus táthar ag súil le nuashonruithe in R4 2027.
- Léirítear an fás beartaithe ar an leibhéal lonnaithe i gcuspóirí na **bPleananna Forbartha Cathrach nó Contae** ina gcuimsítear cuspóirí maidir le criosú úsáide talún. Leagtar amach in CNP leasaithe, a foilsíodh i mí Aibreáin 2025, spriocanna daonra do chathracha agus do réigiúin, agus leagtar amach sna Treoirlínte gaolmhara Alt 28, a foilsíodh i mí Iúil 2025, spriocanna tithíochta ar leibhéal an chontae. Chun na spriocanna nua tithíochta ar leibhéal an chontae a éascú, tá leasuithe ar Phleananna Forbartha Cathrach nó Contae á n-ullmhú ag na húdaráis phleanála, agus tá obair fhairsing déanta ag UÉ ina leith sin.

Mar chuid den PNFUD, déanfaimid measúnú ar an tionchar a bhíonn ag ‘Róleathadh Uirbeach’ trí úsáid a bhaint as an gcur chuige samhaltaithe fuíolluisce is déanaí de chuid Uisce Éireann.

5.2 Athrú Aeráide

Tá bonneagar fuíolluisce Uisce Éireann neamhchosanta ar réimse leathan guaiseacha a bhaineann leis an aeráid a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar oibriú agus ar fheidhmíocht ionad agus líonraí cóireála fuíolluisce, mar a léirítear i **bhFíor 9**. iaD'fhéadfadh athruithe ar phatrúin bháistí, teochtaí atá ag ardú, triomach, adhairsir níos minice agus ardú leibhéal na farraige dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht, ar athléimneacht agus ar inbhuanaitheacht an bhonneagair fuíolluisce ar fud na hÉireann.



Fíor 9: Tionchair an Athraithe Aeráide ar Fhuíolluisce agus ar Dhraenáil in Éirinn.

Gníomhaíocht PNFUD

In PNFUD, úsáidfear an eolaíocht aeráide is déanaí atá ar fáil — lena n-áirítear **réamh-mheastacháin aeráide TRANSLATE** de chuid Met Éireann agus taighde eile atá ar siúl ag Met Éireann maidir le teagmhais báistí ard-déine (teagmhais 'bháistí'), chun bonn eolais a chur faoi mheasúnú riosca agus faoi phleanáil amach anseo. Leis na réamh-mheastacháin sin, cuirtear faisnéis chomhsheasmhach ar bhonn náisiúnta ar fáil maidir le conas a d'fhéadfadh dálaí aeráide athrú le himeacht ama agus tacóidh siad le measúnú fianaise-bhunaithe ar thionchair fhéideartha ar chórais fuíolluisce agus draenála. Breithneofar réamh-mheastacháin aeráide i gcomhthráth le sonraí stairiúla agus faisnéis ábhartha eile, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar leochaileachtaí agus ar dheiseanna sa todhchaí ar fud an líonra fuíolluisce.

Agus an neamhchinnteacht a bhaineann le réamh-mheastacháin aeráide fhadtéarmacha á cur san áireamh, glacfaidh an PNFUD cur chuige planála inoiriúnaithí. Déanfar measúnú ar rioscaí amach anseo i réimse cásanna aeráide chun tuiscint a fháil ar an dóigh a bhféadfadh conairí aeráide éagsúla dul i bhfeidhm ar bhonneagar fuíolluisce agus draenála le himeacht ama. Tá an cur chuige sin ag teacht le prionsabal na hÉireann um oiriúnú don aeráid maidir le planáil le haghaidh réimse todhchaíochtaí féideartha agus tacaíonn sé le straitéisí fadtéarmacha solúbtha agus athléimneacha a shainaitheint.

Sa mheasúnú ar an riosca aeráide, breithneofar réimse tionchair fhéideartha, lena n-áirítear athruithe ar dhéine agus ar mhínicíocht na báistí, tuille abhann agus cósta, dálaí screamhuise, ardú ar leibhéal na farraige, athrú teochta agus na himpleachtaí oibríochtúla a bhaineann le hadhairsire a bhíonn ann níos minice.

Más iomchuí, úsáidfear réamh-mheastacháin aeráide agus tacair sonraí náisiúnta eile chun tacú le measúnú riosca, samhaltú líonra agus planáil d'athléimneacht amach anseo. Nuair is féidir, cuimseoidimid réamh-mheastacháin amach anseo maidir le leibhéil abhann agus farraige atá ar fáil ó Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), an phríomheagraíocht maidir le bainistíocht riosca tuilte in Éirinn, lena n-áirítear na Pleananna Bainistíochta agus Riosca Tuilte Abhantraí (PBRTanna) agus floodinfo.ie.

Trí shaincheisteanna maidir le hoiriúnú don aeráid agus athléimneacht aeráide a leabú i modheolaíocht an PNFUD, cuideoidh an Plean lena chinntiú go gcuirfear dálaí aeráide atá ag athrú san áireamh i bplanáil fuíolluisce agus draenála amach anseo agus go dtacaíonn sé le seirbhísí inbhuanaithe, athléimneacha agus inoiriúnaithe do phobail agus don chomhshaol.

5.3 Athruithe Reachtúla agus Rialála

Beidh an creat reachtaíochta agus rialála lena rialaítear seirbhísí fuíolluisce agus draenála ag forbairt i gcónaí le linn shaolré an Phlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála. Ceann de na hathruithe is suntasaí atá measta le linn na tréimhse sin is ea trasuí agus cur i bhfeidhm na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (Athmhúnlú), lena dtugtar isteach ceanglais nua a bhaineann le caighdeáin chóireála, baint micreathruaileán, feidhmíocht fuinnimh, trédhearcacht, forscitheadh uisce stoirme, rith chun srutha uisce uirbigh agus planáil chomhtháite maidir le bainistíocht fuíolluisce uirbigh. Mar aon le cur chun feidhm leanúnach na Creat-treorach Uisce agus reachtaíocht eile maidir leis an gcomhshaol, beidh tionchar ag na hathruithe sin ar thosaíochtaí infheistíochta, cleachtais oibríochtúla agus cuspóirí comhshaoil amach anseo ar fud na hearnála fuíolluisce.

5.3.1 An Treoir um Chóireáil Fuíolluisce (Athmhúnlú)

Ba í an Treoir bhunaidh um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (91/271/CEE) an príomhspreagadh reachtach maidir le hinfheistíocht i gcórais bhailithe agus chóireála fuíolluisce chomh maith le cosc a chur ar thruailliú ó sceití tionsclaíocha. Tá feabhsuithe móra ar cháilíocht an uisce spreagtha mar gheall uirthi ar fud na hEorpa ó achtaíodh í breis agus 30 bliain ó shin. Tógann an Treoir athbhreithnithe um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (athmhúnlú) (2024/3019/EU), ar an oidhreacht sin agus tugtar aghaidh léi ar an truailliú atá fágtha agus ar dhúshláin nua i mbainistíocht fuíolluisce uirbigh. Tháinig TCFUU (athmhúnlú) i bhfeidhm an 01/01/2025 agus leathnaítear go mór léi raon feidhme TCFUU chun inbhuanaitheacht, sláinte phoiblí agus trédhearcacht mhéadaithe a chuimsiú.

Leagtar síos in TCFUU (athmhúnlú) rialacha maidir le bailiú, cóireáil agus sceitheadh fuíolluisce uirbigh, chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint, i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin, agus monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí GCT. Tá príomhoibleagáidí agus na hamlínthe gaolmhara leagtha amach go mion i **bhFíor 10** thíos.

Cóireáil thánaisteach - Laghdaítear an tairseach riachtanaís go ICFUnna 1,000 CD - Bíonn spriocdhátaí ann don chur chun feidhme; is é 2035 den chuid is mó	Cóireáil threasach - Caighdeán níos doichte maidir le scaoileadh nítrigine agus fosfair (N&P) ag ionaid >150,000pe (cur chun feidhme céimnithe idir 2033-2039) - Riachtanas riosca-bhunaithe maidir le hionaid eile (cur chun feidhme céimnithe 2033-2045)	Cóireáil cheathartha - Rialú sceite ar thruailléáin atá ag teacht chun cinn (micreathruailléáin) - Éilítear ó gach ionad >150,000 CD a bhaint amach faoi 2045 - Riachtanach ar ionaid eile ar bhonn riosca
Córais bhailithe - Laghdu ar thruailliú de bharr forscitheadh uisce stoirme agus rith chun srutha uirbeach - Pleananna comhtháite bainistíochta fuíolluisce uirbigh a fhorbairt do gach ceirteán de 100,000 PE agus níos mó	Méadú ar mhonatóireacht - Méadú ar pharaiméadair ar mhinicíocht na monatóireachta - Cuimsiú paraiméadar sláinte poiblí	Neodracht fuinnimh - Bainteach sé le hionaid > 10,000 CD (spriocanna de réir a chéile go dtí 2045) - Iníuchtaí de dhíth
Athúsáid acmhainní - Aisghabháil fuinnimh agus téimh - Úsáid as eisilteach cóireáilte	Trédhearcacht – faisnéis don phobal Faisnéis arna soláthar ar leibhéal an cheirteáin (ICFU & SWO)	

Fíor 10: Príomhoibleagáidí Uisce Éireann faoi TCFUU (athmhúnlú).

Ní mór d'Éirinn TCFUU (athmhúnlú) a thrasú sa dlí náisiúnta faoi mhí Iúil 2027. Tá freagracht ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) as maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas sin. Chuir an tAire grúpa saineolaithe náisiúnta ar bun chun cuidiú le trasú na Treorach athmhúnlaithe.

Gníomhaíocht PNFUD

Cuirfear creat ar fáil leis an PNFUD chun na ceanglais reachtúla agus rialála sin atá ag athrú de shíor a thuiscint agus freagairt dóibh, trí chur chuige fadtéarmach inoiriúnaitheach maidir le pleanáil.

Tá UÉ i mbun plé le RTRÁO agus le páirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le próiseas trasú TCFUU (athmhúnlú).

5.3.2 Athruithe Rialála agus Beartais eile

Tríd an PNFUD, breithneoidimid freisin athruithe rialála agus beartais eile a d'fhéadfadh tarlú le linn thréimhse forbartha an phlean, lena n-áirítear:

- Ainmniú abhantrach breise atá íogair ó thaobh cothaitheach de.
- Leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na Rialacháin maidir le hUisce Dramhaíola (Údarú).
- Leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gCreat-treoir Uisce.
- D'fhéadfadh tionchar na n-ábhar truaillithe atá ag teacht chun cinn agus na gceanglas maidir le bainistíocht cothaitheach srian a chur leis an talamh atá ar fáil faoi láthair le haghaidh athúsáid inbhuanaithe. Tá sé measta go ndéanfar leasuithe ar an Treoir maidir le Sloda Séarachais agus ar an gCód Dea-Chleachtais maidir le húsáid Bithsholad sa Talmhaíocht, mar aon le tabhairt isteach Ghníomh an Aontais Eorpaigh um an nGeilleagar Ciorclach atá beartaithe. D'fhéadfadh athruithe ar ár gcur chuige maidir le sloda fuíolluisce agus bith-acmhainní a bheith mar thoradh ar na nuashonruithe reachtaíochta sin.
- Athruithe atá beartaithe ar na critéir mheasúnaithe le haghaidh forscití uisce stoirme (gníomh UWW9 sa Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024).
- Athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na liostaí brúnna suntasacha sa Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024, mar ullmhúchán don 4ú timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí.
- Athruithe ar Phleanáil agus ar Fhorbairt.

5.4 Dul Chun Cinn i dtreo Glan-nialasacht Carbóin

Leagtar amach inár gCreat Inbhuanaitheachta ár n-uaillmhianta inbhuanaitheachta, amhail astaíochtaí glan-nialasacha carbóin faoi 2040, glanghnóthachan sa bhitheagsúlacht faoi 2030, laghdú ar astaíochtaí GCT, agus a chinntiú go gcuirfear réitigh chiorclacha san áireamh i ngach tionscadal caipitil faoi 2026.

Gníomhaíocht PNFUD

Breithneofar spriocanna glan-nialasachta le linn fhorbairt an PNFUD agus sa mheasúnú ar riachtanais infheistíochta agus réitigh fhéideartha amach anseo. Cuimseofar sa Phlean beartaí, straitéisí agus spriocanna Uisce Éireann atá ag teacht chun cinn maidir le laghdú carbóin, éifeachtúlacht fuinnimh, feabhsú na bithéagsúlachta, réitigh dhúlraibhuanaithe agus inbhuanaitheacht comhshaoil, chun cuidiú lena chinntiú go dtacóidh seirbhísí fuíolluisce amach anseo leis an aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de.

Tá Uisce Éireann ag infheistiú i nginiúint agus i mbarrfheabhsú fuinnimh in-athnuaite. Tá giniúint agus úsáid éifeachtúil fuinnimh tábhachtach, agus aithnímid an deis atá ann giniúint bithgháis a bharrfheabhsú lena lánacmhainneacht mar fhoinsé fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach go hiomlán. Chuireamar tús leis an gclár um barrfheabhsú bithgháis d'fhonn táirgeadh agus úsáid bithgháis a fheabhsú agus a bharrfheabhsú, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choitianta in ionaid díleá, mar shampla, úsáid bithgháis, sonraí agus tuairisciú maidir le cainníochtaí agus cáilíocht bithgháis (lena n-áirítear monatóireacht agus rialú astaíochtaí meatáin), glanadh bithgháis agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí nuálacha bithgháis nuair is iomchuí a chinntiú.

5.5 Teicneolaíochtaí agus Nuálaíocht

Braithfidh soláthar fadtéarmach seirbhísí fuíolluisce agus draenála atá athléimneach agus inbhuanaithe ar nuálaíocht agus ar theicneolaíocht mar chumasóirí maidir le tuiscint níos fearr ar an gcóras a chumasú agus maidir le cinnteoireacht eolasach. Le teicneolaíochtaí nuálacha, d'fhéadfaí athrú suntasach a dhéanamh ar go leor gnéithe den dóigh a mbainistimid ar ár gcórais fuíolluisce agus draenála, lena n-áirítear:

- **Riachtanais maidir le comhlíonadh rialála do chórais fuíolluisce** - Beidh ról tábhachtach ag an nuálaíocht maidir le hullmhú do riachtanais rialála atá ag athrú, lena n-áirítear na cinn a eascraíonn as an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (TCFUU (athmhúnlú)). Áirítear leis sin forbairt agus tástáil ar chuir chuige maidir le monatóireacht ar astaíochtaí, éifeachtúlacht fuinnimh agus cosaint uiscí glactha. Le gníomhaíocht nuálaíochta luath, is féidir cuidiú le bonn eolais a chur

faoi fhreagairtí comhréireacha agus an baol a bhaineann le hidirghabhálacha frithghníomhacha nó costasacha a laghdú níos déanaí sa tréimhse phleanála.

- **Acmhainn Cóireála Fuíolluisce agus Barrfheabhsú Oibríochtúil** - Is féidir le nuálaíocht i bpróisis chóireála fuíolluisce agus i gcleachtais oibríochtúla tacú le húsáid níos fearr a bhaint as an mbonneagar atá ann cheana. Le feidhmíocht próisis fheabhsaithe agus teicnící barrfheabhsaithe, is féidir cuidiú le hacmhainn bhreise a chur ar fáil nuair is gá agus feabhas a chur ar cháilíocht eisiltigh, rud a thacaíonn le fás daonra agus caighdeán chomhshaoil níos doichte agus luach na sócmhainní atá ann cheana á uasmhéadú.
- **Glan-nialasacht agus an geilleagar ciorclach** - Beidh gá le nuálaíocht chun tacú leis an aistriú chuig seirbhísí fuíolluisce agus draenála a bhfuil lorg carbóin níos ísle ag baint leo. Áirítear leis sin iniúchadh a dhéanamh ar chuir chuige tógála agus athfheistithe ísealcharbóin, chomh maith le deiseanna chun torthaí geilleagair chiorclaigh a bhaint amach.
- **Faisnéis dhigiteach agus sonraí** - Tacóidh nuálaíocht dhigiteach agus nuálaíocht atá bunaithe ar shonraí le hinfheictheacht fheabhsaithe ar fheidhmíocht líonraí agus córas cóireála agus soláthrófar fianaise níos fearr chun léi cinní oibríochtúla agus infheistíochta a threorú.

Gníomhaíocht PNFUD

Táimid dírithe ar chumas agus ar bhealaí inoiriúnaithe a fhorbairt, seachas réitigh shonracha a leagan síos, chun tacú le freagairtí éifeachtacha d'athruithe rialála, brúnna fáis agus dúshláin chomhshaoil le himeacht ama. Déanfaimid measúnú ar an dóigh a bhféadfadh teicneolaíochtaí nuálacha teacht chun cinn, agus ag baint úsáid as an gCreat um an Luach is Fearr, beidh tionchar aige sin ar an réiteach a mholfar le linn chéim an Mheasúnaithe ar Fhorbairt Roghanna.

5.6 Iompar Custaiméirí

Aithnítear i bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 Uisce Éireann go mbraitheann seirbhísí uisce inbhuanaithe ar rannpháirtíocht ghníomhach custaiméirí agus pobal. Tugtar tiomanta ann do thacaíocht a thabhairt do chustaiméirí a ról a chomhlíonadh maidir le huisce a chosaint mar acmhainn luachmhar agus cláir oideachais agus rannpháirtíochta a chur ar fáil chun feasacht a mhúscailt faoi sheirbhísí uisce agus faoina luach.

Bíonn tionchar ag iompar custaiméirí ar sheirbhísí fuíolluisce ar roinnt príomhbhealaí:

- Giniúint agus éileamh fuíolluisce - Spreagtar patrúin úsáide uisce teaghlaigh agus tráchtála le méid agus uainiú sreafaí fuíolluisce, rud a chuireann le hualach an líonra, buaicshreafaí agus riachtanais chóireála.
- Ualach truaileán agus rialú foinse - Bíonn tionchar ag diúscairt saillte, olaí, gréisce, ceirtíní taise, ceimiceán agus ábhar eile i ndraenacha agus i séaraigh ar an méid seo a leanas:
 - Calcthaí agus feidhmíocht an líonra
 - Éifeachtúlacht an phróisis cóireála
 - Comhlíonadh caighdeán comhshaoil.
- Naisc mhíchearta - Is féidir le hiompraíochtaí custaiméirí tí agus tráchtála amhail naisc mhíchearta fuíolluisce le córais uisce stoirme, iontráil uisce dromchla i líonraí uisce shalaigh, agus easpa feasachta maidir le córais draenála an méid seo a leanas a dhéanamh níos measa:
 - Insreabhadh agus insíothlú
 - Oibríocht um fhorsceitheadh uisce stoirme
 - Tuilte agus riosca comhshaoil.

Gníomhaíocht PNFUD

Déanfaimid measúnú ar an dóigh a bhfuiltear ag súil go n-athróidh iompraíocht custaiméirí, agus cuirfimid é sin san áireamh sna Táscairí Feidhmíochta (go háirithe i gcás truaillithe). Sa chéim Roghanna, sainaitheofar bearta ar thaobh an chustaiméara agus bearta bainistíochta éilimh a chuideoidh le riosca a bhainistiú, athléimneacht a fheabhsú, agus tacú le torthaí fadtéarmacha seirbhíse agus comhshaoil a bhaint amach.

Oibreoidimid lenár bhfoireann sa Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce chun cuidiú le **húsáid uisce a laghdú** agus tacóimid le hardáin faisnéise leanúnacha Uisce Éireann chun uisce a chaomhnú (<https://www.water.ie/conservation>). Ní hamháin go sábháiltear an acmhainn luachmhar sin trí níos lú uisce a úsáid, ach ciallaíonn sé freisin go dtéann níos lú fuíolluisce isteach sa chóras séarachais, rud a laghdaíonn an brú ar an líonra fuíolluisce.

Oibreoidimid lenár bhfoirne Custaiméirí agus Cumarsáide chun cuidiú le mí-úsáid na gcóras séarachais a laghdú. Is féidir le hearraí amhail ceirtíní taise,

táirgí sláinteais, agus saillte, olaí agus gréisc (FOG) bheith ina gcúis le calcadh tromchúiseach, rud a mbíonn truailliú mar thoradh air uaireanta. Tá leideanna maidir le conas saill, ola agus gréisce a dhiúscairt le fáil anseo: <https://www.water.ie/business/trade-effluent/fats-oils-and-grease>.

5.7 Méadú ar an mBonn Sócmhainní

Táthar ag súil go bhféadfaí cuid den bhonneagar fuíolluisce arna sholáthar ag forbróirí a aistriú chuig an gcóras poiblí fuíolluisce le linn shaolré an PNFUD. De réir mar a leantar le hathbhreithniú agus beachtú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhaineann leis na sócmhainní sin, breithneofar na himpleachtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí amach anseo, bainistíocht sócmhainní agus pleanáil infheistíochta mar chuid den Phlean.

Gníomhaíocht PNFUD

Cuirfear san áireamh in PNFUD faisnéis atá ag teacht chun cinn maidir le bonneagar fuíolluisce arna sholáthar ag forbróirí, a d'fhéadfaí a aistriú chuig Uisce Éireann le linn shaolré an Phlean. De réir mar a fhorbrófar tuiscint ar na sócmhainní sin, breithneofar a n-impleachtaí féideartha maidir le measúnuithe riosca, soláthar seirbhísí, bainistíocht sócmhainní agus pleanáil infheistíochta amach anseo laistigh de chreat an PNFUD.



6. Luach a Sholáthar

6.1 An luach a thomhas

Creat um an Luach is Fearr

Aithnímid go dteastaíonn infheistíocht leanúnach chun córais fuíolluisce na hÉireann a fheabhsú, agus go bhfuil sé ríthábhachtach go gcoinneofaí ardleibhéal feidhmíochta ar bun anois agus do na glúnta atá le teacht. Is é ár gcuspóir a chinntiú go soláthrófar an sochar is mó airgid agus an luach is fearr le gach euro a chaithfear, i gcomhréir le riachtanais bheartais agus rialála.

Is féidir le go leor idirghabhálacha tairbhí comhshaoil agus sóisialta a sholáthar thar thorthaí na croisheirbhíse. Mar shampla, is féidir le SuDS amhail claiseanna reatha, gairdíní báistí agus pábháil neamhscagadh an riosca tuilte a laghdú, cáilíocht an uisce a fheabhsú, bithéagsúlacht a fheabhsú agus áiteanna níos fearr a chruthú. Mar an gcéanna, is féidir le réitigh dhúlrahunaithe le haghaidh cóireáil fuíolluisce tairbhí breise iomadúla a sholáthar, amhail bithéagsúlacht fheabhsaithe i gcomparáid le réitigh chaighdeánacha. Déanfaimid machnamh ar an gcostas iomlán a bhaineann le réitigh a sholáthar, lena n-áirítear costais chaipitil, costais oibríochtúla agus costais charbóin. Déanfaimid ailíniú leis na comhoibrithe atá ar siúl idir Uisce Éireann agus Natural Capital Ireland chun caipiteal nádúrtha a leabú sa chinnteoireacht ar leibhéal tionscadail.

Lenár gCreat um an Luach is Fearr, soláthraítear cur chuige struchtúrtha ina mbreithneofaí forbairt an mhéid seo a leanas:

- costais agus tairbhí saolré do réimse roghanna (caiteachas caipitil, caiteachas oibriúcháin agus carbón).
- “Méadrachtaí Luacha” le haghaidh tairbhí ábhartha sna sé chaipiteal (caipiteal daonna, sóisialta, nádúrtha, intleachtúil, déanta agus airgeadais).
- measúnú ilchritéir ar na tairbhí lena chinntiú go léireofar iad sa chinnteoireacht i gcónaí.

Trí mheasúnú a dhéanamh ar chostais agus tairbhí saolré, forbraímid pleananna seachadta lena gcruthaítear an luach is fearr do chustaiméirí, don chomhshaol agus don tsochar i gcoitinne. Trí na méadrachtaí luacha sin a chur i bhfeidhm, is féidir linn comparáid a dhéanamh idir roghanna go comhsheasmhach agus go trédhearcach

agus na hidirghabhálacha a chur in ord tosaíochta lena dtugtar na torthaí foriomlána is fearr as na hacmhainní a infheistítear.

Déanfaimid gach cinneadh a mheasúnú bunaithe ar an gcothromaíocht idir na costais agus tairbhí saolré, agus sainaithnímid an rogha lena soláthrófar an cás is láidre maidir le luach ar airgead.

Clúdófar sa mheasúnú sin punann leathan idirghabhálacha agus déanfar é a chothromú laistigh de phlean fadtéarmach (m.sh., ionchas 25 bliain) chun seirbhís inbhuanaithe agus athléimneach a chinntiú do phobail. I gcásanna áirithe, ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí reachtúla - amhail comhlíonadh údaruithe maidir le ceadúnas sceite fuíolluisce nó ceanglais cháilíochta uisce na hÉireann agus an Aontais a chomhlíonadh - féadfaimid réitigh a chur i bhfeidhm fiú mura bhfuil aon rogha costas-tairbheach ann, agus an spreagadh dlíthiúil agus an cosán is lú aiféala roghnaithe á ndoiciméadú go soiléir.

6.2 Measúnú ar Fhorbairt Roghanna

Tá cineál straitéiseach ag baint leis an gcéim Mheasúnaithe ar Fhorbairt Roghanna. Forbróimid foireann uirlisí ardleibhéil maidir le roghanna, lena bhforbrófar an meascán réiteach is fearr ar fud na gceirteán. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara nach sainaithneoidh idirghabhálacha áitiúla in PNFUD ach ina ionad sin, tá sé mar aidhm leis straitéis chuimsitheach fhadhbheathnaitheach a bhunú chun forbairt fhadtéarmach na bonneagair fuíolluisce a threorú.

Measúnú ar Fhorbairt Roghanna

Molaimid réimse iomlán roghanna idirghabhála a fhorbairt, lena n-áirítear oibríochtaí agus cothabháil chomh maith le hidirghabhálacha sláinte sócmhainní⁶, chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí reatha nó amach anseo i ndáil le feidhmíocht an chórais. Saineoimid na srianta agus leagfaimid amach samhlacha costais is tairbhe um roghanna, lena n-áirítear na tairbhí níos leithne a d’fhéadfaí a sholáthar leis na roghanna, amhail tairbhe don phobal agus tairbhe don bithéagsúlacht. Déanaimid iarracht freisin réitigh chomhoibríocha a shainaithint a d’fhéadfaí a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí páirtithe leasmhara.

⁶ Leis an PNFUD, gabhtar aiscúir ón Tionscadal Assure agus ón Tionscadal Sustain san imscrúdú ar bhunchúiseanna na dtáscairí feidhmíochta mar chuid de chéim an tsaintréithrithe fadhbanna agus an mheasúnaithe ar fhorbairt roghanna.

Roghanna Cineálacha

Molaimid réimse cineálacha roghanna féideartha (Roghanna Cineálacha) a fhorbairt lena mbreithniú i ndáil le gach gné de phleanáil draenála agus fuíolluisce in aon limistéar geografach. Áireofar leis na roghanna réimse gníomhaíochtaí oibríochtúla agus cothabhála, feabhsuithe ar shócmhainní, bonneagar glas agus gorm, bainistíocht talún, agus bearta ar thaobh an chustaiméara.

Déanfar na roghanna a shaintréithriú ina gcineálacha lena dtreorófar pleanáil oiriúnaitheach sa chéim a bhaineann le measúnú riosca agus le measúnú ar fhorbairt roghanna. Is iad na cineálacha sin roghanna incriminteacha, roghanna modúlacha agus roghanna aonuaire. Is fearr roghanna incriminteacha agus modúlacha 6 Leis an PNFUD, gabhfar aischur ón Tionscadal Assure agus ón Tionscadal Sustain san imscrúdú ar bhunchúiseanna na dtáscairí feidhmíochta mar chuid de chéim an tsaintréithrithe fadhbanna agus an mheasúnaithe ar fhorbairt roghanna.

Is fearr roghanna incriminteacha agus modúlacha i gcás ina mbaineann neamhchinnteacht shuntasach le riachtanais amach anseo, ós rud é go dtabharfar an infheistíocht 'is lú aiféala' leo. D'fhéadfaí roghanna aonuaire a roghnú i gcás ina dtabharfar an glanchostas reatha is ísle leo, agus nuair a d'fhéadfaidís an glanluach láithreach a mhéadú, maidir le gach cás féideartha amach anseo.

Roghanna inghlactha

Laghdófar an liosta roghanna cineálacha trí na roghanna sin nach bhfuil inghlactha ag na páirtithe leasmhara a dhiúltú, bunaithe ar chritéir mheasúnaithe atá oibiachtúil, in-athdhéanta agus comhsheasmhach. D'fhéadfaí roghanna a dhiúltú toisc nach bhfuil siad indéanta go teicniúil faoi láthair, a mheastar nach dtugtar an luach is fearr leo, nó go bhféadfadh tionchair dho-ghlactha a bheith ag baint leo.

Srianta

Maidir le gach ceann de na roghanna cineálacha, bainfear liosta srianta chun scagadh tosaigh a sholáthar lena chinneadh cathain is cuí measúnú iomlán a dhéanamh ar úsáid rogha le linn chéim an mheasúnaithe ar fhorbairt roghanna.

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí

Cuireann an próiseas MST le comhtháthú cúinsí timpeallachta isteach in ullmhú agus i nglacadh pleananna agus clár, d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Forbrófar an próiseas MST chun tionchar a imirt ar roghnú na roghanna tosaíochta. Beidh sé sin bunaithe ar chuspóirí MST a cuireadh i bhfeidhm ar PSSU 2050 agus leabaítear iontu sin tacaíocht do chosaint an chomhshaoil, cáilíocht an uisce,

téarnamh an dúlra agus na tairbhí níos leithne a shainaithnítear thíos. Díreofar Measúnacht Chuí go sonrach ar chosaint láithreán Eorpach ainmnithe. Ionchorprófar na measúnuithe sin i ngach céim den mheasúnú roghanna agus i bhforbairt agus i roghnú an phlean um an Luach is Fearr.

Samhlacha Costais

D'fhéadfaimis samhail costais ardleibhéil a fhorbairt chun meastachán tosaigh ar chostas a sholáthar bunaithe ar na tomhais atá ar fáil.

Tairbhí níos leithne

Déantar measúnú ar na tairbhí a bhainfidh le cur chun feidhme na roghanna i ndáil leis na táscairí feidhmíochta sainithe nuair a chuirtear na roghanna i bhfeidhm i suíomh ar leith. Le roghanna áirithe, go háirithe roghanna bonneagair ghoirm-ghlais amhail draenáil inbhuanaithe, tugtar tairbhí bunúsacha níos leithne; is féidir le spriocdhíriú spásúil na mbeart sin tairbhí breise a uasmhéadú. D'fhéadfadh tairbhí níos leithne a bheith i gceist le bithéagsúlacht, bainistíocht ar riosca tuile, ceapadh carbóin, spásanna pobail feabhsaithe, agus feabhsuithe aeistéitiúla.

Tá sé beartaithe againn na roghanna a mheas i gcomhthéacs ár gcreata don luach is fearr. Chun tabhairt faoin tasc sin, cuirfimid na hocht ngné a léirítear i bhFíor 10 san áireamh inár measúnú costais is tairbhe.

6.3 Pleanáil Oiriúnaitheach agus Pleanáil Bunaithe ar Chásanna

Trí choincheap na pleanála oiriúnaithe a chur san áireamh, socrófar cad na hinfheistíochtaí feabhsúcháin a theastaíonn anois, agus cad iad na réimsí ar féidir pointí cinnteoireachta a chur siar go dtí níos déanaí san amlíne maidir leo, cathain is dócha go mbeidh níos mó cinnteachta ann faoi na rudaí a theastaíonn, lena n-áirítear athruithe féideartha teicneolaíochta. Is féidir le pleanáil oiriúnaitheach cuidiú freisin le measúnú a dhéanamh cá háit agus cén uair ba cheart infheistíocht a thabhairt chun cinn d'fhonn solúbthacht a chruthú.

Faoin gcur chuige pleanála oiriúnaithe, leagtar amach i gconairí oiriúnaitheacha an dóigh a ndéanfar cinntí amach anseo, faoi chúinsí éagsúla inchreidte. Cuimsítear sna conairí pointí cinnteoireachta soiléire lena léirítear cathain is gá cinneadh a dhéanamh maidir leis an rogha cheart chun torthaí fadtéarmacha a bhaint amach go héifeachtúil. Ag na pointí sin, imíonn na conairí ó chéile de réir mar a roghnaítear sraitheanna éagsúla roghanna.

7. Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus Soláthar i gComhpháirtíocht

7.1 Cur Chuige Comhairliúcháin

Forbrófar an Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenáil (PNFUD) trí chlár ilchéimeanna rannpháirtíochta agus comhairliúcháin. Oibrítear seirbhísí fuíolluisce agus draenála laistigh de chóras casta agus idirnasctha a bhfuil tionchar ag go leor tosca air, lena n-áirítear fás daonra, soláthar tithíochta, an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, pleanáil úsáide talún agus ceanglais rialála atá ag teacht chun cinn. Baineann go leor de na saincheisteanna sin le freagrachtaí comhroinnte agus teastaíonn comhoibriú ina leith idir Uisce Éireann, údaráis áitiúla, rialtóirí, ranna rialtais, soláthraithe bonneagair, eagraíochtaí pobail agus páirtithe leasmhara eile.

Tá tuairimí á lorg ag an gcéad chéim den chomhairliúchán poiblí ar an doiciméad cur chuige molta agus comhthéacs straitéiseach seo agus cuideoidh an t-aiseolas a gheofar le bonn eolais a chur faoin Dréachtphean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála agus na measúnachtaí timpeallachta a ghabhann leis.

Tá aiseolas á lorg ag Uisce Éireann maidir leis an gCur Chuige Molta agus Comhthéacs Straitéiseach agus an Tuarascáil um Meas Scóipe ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) don PNFUD. **Beidh an comhairliúchán ar oscailt ar feadh ocht seachtaine ón 22 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 17 Nollaig, 2026.** Is féidir doiciméid chomhairliúcháin a fheiceáil agus a íoslódáil ar [thairseach chomhairliúcháin Uisce Éireann](#).

Is féidir aighneachtaí a chur isteach ar an ríomhphost nó tríd an bpost **roimh an 17 Nollaig**.

Nollaig. Ríomhpost: nwwdp@water.ie

Post: Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála (PNFUD),
Uisce Éireann,
Bosca PO 860,
Oifig Sheachadta Dheisceart na Cathrach,
Cathair Chorcaí.

Chun cuidiú le páirtithe leasmhara aighneacht a dhéanamh, cuireann Uisce Éireann fáilte roimh aiseolas ar na hábhair seo a leanas. Níl na freagraí teoranta do na réimsí sin agus moltar do na páirtithe leasmhara aon bharúlacha nó moltaí breise a chur ar fáil a d'fhéadfadh cuidiú le forbairt an Phlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála.

Dúshlán agus Deiseanna Amach Anseo

Ar shainaithníomar na príomhdhúshlán, na príomhdheiseanna agus na príomhthreochtaí amach anseo ar cheart dóibh tionchar a imirt ar pleanáil d'fhuíolluisce agus draenála in Éirinn go dtí 2055?

An bhfuil aon cheisteanna suntasacha ann ar cheart aird níos mó a thabhairt orthu?

Cur Chuige Pleanála Molta

An bhfuil aon tuairimí agat maidir leis an gcur chuige molta chun an PNFUD a fhorbairt, lena n-áirítear úsáid a bhaint as cinnteoireacht fianaise-bhunaithe, pleanáil oiriúnaitheach agus measúnú riosca fadtéarmach?

Táscairí Feidhmíochta

An gceapann tú gur fíor an méid seo a leanas maidir leis na Táscairí Feidhmíochta atá beartaithe:

- tá siad soiléir agus intuigthe;
- tá siad fiúntach agus intomhaiste; agus
- tá siad oiriúnach chun feidhmíocht fhadtéarmach fuíolluisce agus draenála a mheasúnú?

Táscairí Feidhmíochta Breise

An measann go bhfuil aon Táscairí Feidhmíochta eile ann atá oiriúnach chun feidhmíocht fhadtéarmach an chórais fuíolluisce agus draenála a mheas?

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

An bhfuil aon tuairimí agat maidir le raon feidhme agus modheolaíocht bheartaithe na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST), lena n-áirítear na saincheisteanna, na brúnna agus na leochaileachtaí comhshaoil ar cheart iad a bhreithniú?

Rannpháirtíocht Leanúnach

Cén dóigh ar mhaith leat go ndéanfaidh Uisce Éireann cumarsáid agus caidreamh le páirtithe leasmhara de réir mar a rachaidh an PNFUD ar aghaidh? Tá ceisteanna mionsonraithe san áireamh sa Tuarascáil Scóipe.

8. Aistriú ón gcéim Scóipe go dtí an Dréachtphean agus an Plean Deiridh

Nuair a bheidh an comhairliúchán sin thart, déanfaidh Uisce Éireann athbhreithniú agus plé ar an aiseolas a fuair sé ó na páirtithe leasmhara. Déanfar athbhreithniú ar gach aighneacht a dhéanfar agus cuimseofar aiseolas ábhartha sna tuarascálacha timpeallachta agus sa dréacht-PNFUD de réir mar is iomchuí. Déanfar aighneachtaí ó dhaoine aonair a thuairisciú go hanaithnid agus cuirfear aiseolas ó eagraíochtaí síos dóibh.

8.1 Amlínte dár PNFUD

I nGeimhreadh 2027, foilseofar an Dréacht-PNFUD, agus reáchtálfar comhairliúchán poiblí reachtúil ocht seachtaine, sula ndéanfar í athbhreithniú agus a thabhairt chun críche in 2028. Leagtar amach i **bhFíor 11** an amlíne d'fhoilsiú an PNFUD agus na príomhphíosaí oibre a roinnfear le linn fhorbairt an phean. Ina dhiaidh sin, déanfaidh Uisce Éireann athbhreithnithe tréimhsiúla ar an bPlean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála. Cinnteofar leis sin go mbeidh gníomhaíochtaí agus cuspóirí an Phlean oiriúnach don fheidhm sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus go soláthrófar leis deis chun moltaí a dhéanamh do chur chuige nua nó nuashonraithe.



Comhairliúchán 1

An Comhthéacs Straitéiseach agus an Tuarascáil um Meas Scóipe MST



Comhairliúchán 2

Dréachtphean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála, Tuarascáil MST agus Measúnacht Chuí



Plean Deiridh Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála, Ráiteas MST, Cinneadh MC agus Tuarascáil Chomhairliúcháin a fhoilsiú

2026

Bailiú Sonraí
Táscarí Feidhmíochta a Fhorbairt
Idirchaidreamh le Páirtithe Leasmhara
Measúnú Riosca
Scópáil MST
Scagadh MC



2027

Aiseolas ó chomhairliúchán a athbhreithniú agus a bhreithniú
Saintréithriú fadhbanna
Measúnú ar Fhorbairt Roghanna
Measúnú Cláir
Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
Measúnacht Chuí



2028

Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála a Thabhairt chun Críche
Aiseolas ó chomhairliúchán a athbhreithniú agus a bhreithniú
Ráiteas MST agus Cinneadh MC a Ullmhú



Fíor 11: Amlíne chun an Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála a chur i gcrích.

Aguisín A Gluais

Téarma	Sainmhíniú
An Treoir um Chóireáil Fuíolluisce (Athmhúnlú)	Treoir (AE) 2024/3019. Uasghrádú is ea an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh ar threoir an Aontais Eorpaigh maidir le bailiú, cóireáil agus sceitheadh fuíolluisce uirbigh agus cóireáil agus sceitheadh fuíolluisce ó earnálacha tionsclaíocha áirithe.
Athléimneacht	Cumas córais fuíolluisce cur isteach agus struis eile a sheasamh agus teacht chuige féin go tapa uathu.
Bithéagsúlacht	Éagsúlacht na rudaí beo ar fad.
Ceirtleán	Limistéar ina bhfuil an daonra, arna chur in iúl i gcoibhéis daonra, i dteannta gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó gan iad, comhchruinnithe go leor chun fuíolluisce uirbeach a bhailiú agus a sheoladh chuig ceann amháin nó níos mó de na hionaid chóireála fuíolluisce uirbigh nó chuig pointe sceite deiridh amháin nó níos mó.
Coibhéis Daonra	Tagraíonn an téarma "CD" i gcomhthéacs Threoir (AE) 2024/3019 do Choibhéis Daonra, ar aonad caighdeánach é a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an ualach a chaithfidh ionad cóireála a láimhseáil. Is ionann aon CD amháin agus an meánualach orgánach in-bhithmhillte a tháirgeann duine amháin in aghaidh an lae, arna shainiú mar 60 gram d'éileamh bithcheimiceach ar ocsaigin (BOD) thar thréimhse cúig lá.
Cóireáil Cheathartha	Cóireáil fuíolluisce uirbigh trí phróiseas lena laghdaítear raon leathan micreathruailléan i bhfuíolluisce uirbeach.
Cóireáil threasach	Cóireáil fuíolluisce uirbigh trí phróiseas lena laghdaítear nítrigin nó fosfar, nó an dá cheann, i bhfuíolluisce uirbeach.
Cóireáil thánaisteach	Cóireáil fuíolluisce uirbigh trí phróiseas a bhaineann go ginearálta le cóireáil bhitheolaíoch le lonnaíocht thánaisteach nó le próiseas eile lena laghdaítear ábhar orgánach in-bhithmhillte ó fhuíolluisce uirbeach.
Forsceitheadh Uisce Stoirme (SWO) [TCFUU athmhúnlaithe]	Sceitheadh fuíolluisce uirbigh neamhchóireáilte isteach in uiscí glactha ó shéaraigh chomhcheangailte de bharr frasaíochta nó cliseadh ar chórais.
Forsceitheadh Éigeandála (EO)	Is iondúil go ndeartar forsceití éigeandála ag stáisiún caidéalúcháin chun feidhmiú sna cásanna seo leanas amháin: cliseadh oibríochtúil ag an stáisiún (m.sh. cliseadh maidir le soláthar cumhachta, nó cliseadh meicniúil, leictreach nó rialaithe), cliseadh ar an bpríomhphíopa ardaithe aníos nó calcadh sa séarach le sruth. D'fhéadfadh forsceitheadh tarlú ag an stáisiún caidéalúcháin féin nó ag cuasán in aghaidh an tsrutha ar an séarach isteach.
Fuíolluisce uirbeach	Ciallaíonn fuíolluisce uirbeach aon cheann díobh seo a leanas: (a) fuíolluisce tí; (b) an meascán d'fhíolluisce tí agus fuíolluisce tráchtála; (c) an meascán d'fhuíolluisce tí agus rith chun srutha uirbeach; (d) an meascán d'fhuíolluisce tí, fuíolluisce tráchtála agus rith chun srutha uirbeach.

Téarma	Sainmhíniú
Gréasán	Idircheangal de phíobáin agus stáisiúin chaidéalúcháin a úsáidtear chun uisce cóireáilte a dháileadh agus fuíolluisce a bhailiú.
Luach Teorann Astúcháin (ELV)	An tiúchan nó an chainníocht uasta incheadaithe de thruailleán is féidir a scaoileadh isteach sa timpeallacht ó fhoinsé shonrach thar thréimhse áirithe.
Measúnacht Chuí (MC)	Measúnacht ar cíbe an mbeidh drochthionchair ag an bplean nó ag an tionscadal lena mbaineann (as féin nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile) ar shláine Láithreán Eorpach ag féachaint dá gcuipóirí caomhnaithe. Déantar an mheasúnacht seo de bhun na Treorach maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. 477/2011) arna leasú.
Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)	Tuarascáil ina sainaithnítear, ina meastar agus ina ndéantar cur síos ar an iarmhairt shuntasach dhóchúil a bheidh ag cur i bhfeidhm an phlean nó an chláir, nó athrú ar phlean nó ar chlár, agus roghanna malartacha réasúnta lena gcuirtear cuipóirí agus raon feidhme geografach an phlean nó an chláir san áireamh, nó athrú ar phlean nó ar chlár.
Micreathruailleán	Substaint mar a shainítear le hAirteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena n-áirítear a táirgí dianscaoilte, a bhíonn ar fáil de ghnáth sa timpeallacht uisceach, i bhfuíolluisce uirbeach nó i sloda, agus ar féidir a mheas gur substaint í atá guaiseach don chomhshaoil nó do shláinte an duine bunaithe ar na critéir ábhartha atá leagtha amach i gCodanna 3 agus 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, fiú i dtiúchan íseal.
Rith chun srutha uirbeach	Frasaíocht i gceirtleáin arna mbailiú ag séaraigh chomhcheangailte nó séaraigh ar leithligh.
Réitigh Dúlra bhunaithe	Réitigh atá spreagtha agus tacaithe ag an dúlra, atá cost-éifeachtach, a sholáthraíonn tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha ag an am céanna, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú. Le réitigh den sórt sin, tugtar níos mó gnéithe agus próisis nádúrtha agus dúlra agus cinn níos éagsúla isteach i gcathracha, i dtírdhreacha agus i muirdhreacha, trí idirghabhálacha atá oiriúnaithe go háitiúil, tíosach ar acmhainní agus sistéamach.
Sceitheadh	Eisilteach cóireáilte ó ionad cóireála fuíolluisce a chuirtear ar ais sa timpeallacht uisce. Tagann sé sin ó phíobán agus struchtúr eis-sreafa isteach in abhainn nó san fharraige de ghnáth.
Sloda	Iarmhair orgánacha agus neamhorgánacha a thagann as cóireáil fuíolluisce uirbigh in ionad cóireála fuíolluisce uirbigh, gan grean, gréisc, smionagar eile ná aon scagadh ná iarmhair eile ón gcéim réamhchóireála a áireamh.
Séarach comhcheangailte	Aon seoladán amháin a bhailíonn agus a iompraíonn fuíolluisce uirbeach, lena n-áirítear rith chun srutha uirbeach.
Sócmhainn	Bonneagar (m.sh. foirgnimh, ionaid chóireála) agus trealamh (m.sh. caidéil, scáthláin, aonaid chóireála, córais díghalrúcháin agus painéil rialaithe) á rialú agus á n-oibriú ag Uisce Éireann chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar. Roinnimid iad sin ina Sócmhainní Faoi Thaladh amhail píobair agus comhláir agus Sócmhainní Os Cionn Talún amhail ionaid chóireála.
Ualach	Méid an ábhair orgánaigh in-bhithmhíllte arna thomhas mar BOD5 d'aon truailléan nó cothaitheach, curtha in iúl in aonaid mhaise in aghaidh ag an am.

Téarma	Sainmhíniú
Uisce Stoirme Forsceitheadh (SWO) [na Rialacháin maidir le Sceitheadh Fuíolluisce]	Struchtúr nó gléas ar chóras séarachais deartha agus tógtha chun críche an córas forsceitheadh iomarcach a mhaolú a easraíonn mar thoradh ar uisce báistí nó sneachta leáiteach san abhantrach atá nasctha le séarach, agus an forsceitheadh iomarcach á scaoileadh go huiscí glactha.

Aguisín B Acrainmneacha

Acrainmneacha	
AE	An tAontas Eorpach
CD	Coibhéis Daonra
CNP	An Creat Náisiúnta Pleanála
CRF	An Coimisiún um Rialáil Fóntais
CTU	An Chreat-treoir Uisce
ELV	Luach Teorann Astúcháin
FU	Fuíolluisce
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
GCT	Gás Ceaptha Teasa
ICFU	Ionad Cóireála Fuíolluisce
IOCE	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
IUWwMP	Pleananna Comhtháite Bainistithe Fuíolluisce Uirbeach
MC	Measúnacht Chuí
MST	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
PBA	Plean Bainistíochta Abhantraí
PGA	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide
PSSU	An Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce
RDB	Réitigh Dhúlra bhunaithe

Acrainmneacha	
RTN	Ráiteas Tionchair Natura
SuDS	Córais Draenála Inbhuanaithe
SWO	Forsceitheadh Uisce Stoirme
TCFU	An Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh
TCFUUa	An Treoir um Chóireáil Fuíolluisce (Athmhúnlú)
TF	Táscaire Feidhmíochta
UÉ	Uisce Éireann

